RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/635 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Aibreán 2021

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1256/2008 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne, na Rúise, na Téalainne agus na hÚcráine iad ("na bearta bunaidh"). Bhí na bearta i bhfoirm dleacht *ad valorem* ó 10,1 % go 90,6 %.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/110 ón gCoimisiún ([3]), rinne an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach a ath-fhorchur ar allmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad agus rinne sé deireadh a chur leis na himeachtaí maidir le hallmhairí de thionscnamh na hÚcráine, tar éis athbhreithniú éaga (ar a dtugtar "an t-athbhreithniú éaga roimhe seo" anseo feasta).

(3) Tá na dleachtanna frithdhumpála i bhfeidhm faoi láthair ar rátaí 10,1 % agus 16,8 % ar allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin a rinneadh a shampláil sa Rúis, 20,5 % ar gach cuideachta eile sa Rúis, 90,6 % ar allmhairí ó gach táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne agus 38,1 % ar allmhairí ó gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa Bhealarúis.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis foilsiú Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([4]), fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den "bhun-Rialachán".

(5) Rinne Coiste Cosanta thionscal na bhfeadán cruach táite san Aontas Eorpach ("an t-iarratasóir") ag gníomhú thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó 25 % de tháirgeadh iomlán an Aontais d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail acu an iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh an 25 Deireadh Fómhair 2019. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dhócha go leanfaí le dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís agus go leanfaí le díobháil nó go gcuirfí tús léi arís don tionscal de chuid an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1256/2008 ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis nós imeachta de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 384/96, ar de thionscnamh na Téalainne iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán céanna, ar de thionscnamh na hÚcráine iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) agus athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán céanna, agus lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí i ndáil le hallmhairí den táirge céanna ar de thionscnamh na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus na Tuirce iad (IO L 343, 19.12.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/110 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad agus lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí maidir le hallmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na hÚcráine iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 20, 27.1.2015, lch. 6).

([4]) IO C 166, 15.5.2019, lch. 7.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 24 Eanáir 2020 maidir le hallmhairí d'fheadáin tháite agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise ("na tíortha lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([5]) ("an Fógra Tionscnaimh").

1.4. **An tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus an tréimhse a measadh**

(7) Leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó tús a chur léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 ("an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe"). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfaí den díobháil nó go gcuirfí tús léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go deireadh na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ("an tréimhse a measadh").

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, ceardchumainn, na táirgeoirí aitheanta sa Bhealarúis, i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Rúis agus údaráis na dtíortha sin, allmhaireoirí aitheanta, úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(10) Tráth an tionscnaimh, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go mbeadh air comhoibriú a lorg ó tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin ar a laghad i dtír ionadaíoch iomchuí don Bhealarúis, de bhun Airteagal 2(7)(a) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún údaráis i Meicsiceo, sa Rúis, san Afraic Theas, sa Chóiré Theas, sa Téalainn, sa Tuirc, san Úcráin agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an eolas i dtaobh an tionscnaimh freisin agus d'iarr sé ar a dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith rannpháirteach. Bhí deis ag páirtithe leasmhara barúil a thabhairt agus aighneachtaí a chur isteach i dtaca leis sin (féach Roinn 3.1.2 thíos).

(11) Tar éis an nochta, d'áitigh údaráis na Bealarúise nár léirigh an t-iarratasóir mar is ceart san iarraidh ar athbhreithniú gur dócha go leanfaí an díobháil agus go gcuirfí tús léi arís.

(12) Mheas an Coimisiún go raibh dóthain fianaise san iarraidh ar athbhreithniú chun an t-imscrúdú a thionscnamh, mar a mhínítear in aithris (6). Ina theannta sin, mar a míníodh i roinn 3.1.2 agus i roinn 5, léiríodh san imscrúdú an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil agus an díobháil nó go gcuirfí tús leo arís maidir le hallmhairí ón mBealarúis.

(13) Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

1.5.1. *Sampláil*

(14) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.2. *Sampláil táirgeoirí ón Aontas*

(15) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolacháin an táirge faoi athbhreithniú, rud a áirithíonn raon maith geografach. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir ón Aontas. Chuimsigh na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil thart ar 40 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 38 % de mhéid díolachán measta iomlán an Aontais den táirge faoi athbhreithniú.

([5]) IO C 24, 24.1.2020, lch. 17

(16) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an sampla. Measadh dá bhrí sin go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.5.3. *Sampláil allmhaireoirí*

(17) D'fhonn a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(18) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Dá bhrí sin, níor ghá sampláil a dhéanamh.

1.5.4. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann*

(19) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa Bhealarúis, i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Rúis an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Bealarúise chuig an Aontas Eorpach, ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach agus ar Mhisean Chónaidhm na Rúise chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(20) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ón mBealarúis an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise an lín ísil táirgeoirí a tháinig chun tosaigh, mheas an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh. Dá bhrí sin, iarradh ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin an ceistneoir a bheartaítear le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin a líonadh isteach.

(21) Tháinig dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis chun tosaigh, agus léirigh siad go raibh siad toilteanach a bheith rannpháirteach san imscrúdú. I bhfianaise an lín laghdaithe táirgeoirí a tháinig chun tosaigh, mheas an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh. Iarradh ar an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin an ceistneoir a bheartaítear le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin a líonadh isteach.

(22) Níor sholáthair aon táirgeoir ó Dhaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh aon táirgeoir a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, níorbh ann d'aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne agus déantar na torthaí maidir leis na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir**

(23) Foilsíodh cóipeanna de na ceistneoirí ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála nuair a tionscnaíodh an cás.

(24) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shamplacha san Aontas agus ó aon dáileoir amháin san Aontas.

(25) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir freisin ó na trí tháirgeoir chomhoibritheacha sa Bhealarúis, cé nach ndearna ach aon cheann amháin den dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis a tháinig chun tosaigh ag tionscnamh an cháis, a thug freagra ar an gceistneoir agus a chomhoibrigh leis na himeachtaí.

1.7. **Fíorú ar an láthair agus cros-seiceáil chianda**

(26) Lorg agus sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá don imscrúdú.

(27) Sular tháinig srianta maidir le COVID-19 i bhfeidhm, thug an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar áitreabh Arcelor Mittal Tubular Products sa Pholainn. Fíoraíodh an próiseas táirgeachta, amhábhair a úsáidtear agus na seachtháirgí a fhaightear le linn na cuairte sin.

(28) Rinneadh cros-seiceáil chianda trí fhíschomhdháil leis na cuideachtaí seo a leanas chun an fhaisnéis agus na sonraí eile go léir a éilítear, i gcomhréir leis an bhFógra maidir le hiarmhairtí phaindéim COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frithchúitimh ([6]):

Táirgeoirí ón Aontas

— Arcelor Mittal Tubular Products, Kraków, an Pholainn agus an chuideachta ghaolmhar Arcelor Mittal Tubular Products, Karvina, Poblacht na Seice

— Celsa Atlantic, S.L., Vitoria-Gasteiz, an Spáinn

— Ardevi Tubi Acciaio S.p.A., Cremona, an Iodáil

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis

— PAO Severstal, Cherepovets, Cónaidhm na Rúise

1.8. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(29) An 2 Feabhra 2021, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a bhfuil sé beartaithe ar a mbonn sin na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun maidir le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh.

(30) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna dtabhairt ag ceithre pháirtí leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Ní bhfuarthas aon iarrataí ar éisteacht.

2. TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **Táirge faoi athbhreithniú**

(31) Tá an táirge faoi athbhreithniú mar an gcéanna leis an táirge san imscrúdú bunaidh agus san athbhreithniú éaga roimhe seo, mar atá feadáin tháite agus píopaí táite d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar trasghearradh ciorclach agus ar trastomhas seachtrach nach mó é ná 168,3 mm, gan a chur san áireamh píobán líne de chineál a úsáidtear le haghaidh píblínte ola nó gáis, cásáil agus feadánra de chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil, beachtfheadáin agus feadáin agus píopaí le feistis cheangailte atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7306 30 41, ex 7306 30 49, ex 7306 30 72 agus ex 7306 30 77 (cóid TARIC 7306 30 41 20, 7306 30 49 20, 7306 30 72 80 agus 7306 30 77 80) ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad ("an táirge faoi athbhreithniú" nó "WPT").

(32) Is le haghaidh iompar gás agus leachtanna i gcórais phluiméireachta, teasa, aeraithe etc. a úsáidtear WPT go príomha.

2.2. **Táirge comhchosúil**

(33) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge arb é an tionscal de chuid an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

(34) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAÍ DEN DUMPÁIL NÓ GO dTOSÓFAÍ ARÍS Í

(35) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar dhócha go leanfaí den dumpáil nó go dtosófaí ar dhumpáil arís ón mBealarúis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne nó ón Rúis de bharr dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

([6]) IO C 86/6, 16.3.2020

3.1. **An Bhealarúis**

3.1.1. *Leanúint de dhumpáil allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe*

(36) Faoi mar a luaitear in aithris (25), chomhoibrigh trí tháirgeoir sa Bhealarúis leis an imscrúdú agus d'fhreagair siad an ceistneoir. Mar sin féin, níor thuairiscigh aon cheann de na trí tháirgeoir méid mór díolacháin onnmhairí chuig an Aontas Eorpach. Go deimhin, sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig deireadh a bheag nó a mhór le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis i gcomparáid le tréimhse imscrúdaithe an chéad imscrúdaithe (i.e. ó mhí Iúil 2006 go Mí an Mheithimh 2007). De réir staitisticí Comext (Eurostat), bhí níos lú ná 4 thona i gceist le hallmhairí WPT ón mBealarúis sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, i gcomparáid le níos mó ná 29 000 tona sa chéad imscrúdú. Sonraíodh leibhéal allmhairí chomh híseal céanna san athbhreithniú éaga roimhe seo.

(37) I bhfianaise na heaspa iomlán allmhairí, nach mór, den táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis, níorbh fhéidir aon chonclúid a dhéanamh maidir le leanúint den dumpáil chuig an Aontas sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú freisin ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil.

3.1.2. *An dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil dá ndéanfaí na bearta a aisghairm*

(38) Rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis, an gaol idir praghsanna san Aontas agus sa Bhealarúis; an gaol idir praghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha agus praghsanna sa Bhealarúis; an gaol idir praghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(a) ***Gnáthluach***

(39) I gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, ó tharla nach bhfuil an Bhealarúis ina ball de EDT agus gur liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), déanfar an gnáthluach a chinneadh ar bhonn an phraghais nó luacha ríofa i dtír ionadaíoch iomchuí.

(40) Tar éis an tionscnaimh, lorg an Coimisiún comhoibriú ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ar a laghad atá lonnaithe i dtír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch. Chuige sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na húdaráis in ocht gcinn de thíortha aitheanta táirgthe cruach, mar atá Meicsiceo, an Rúis, an Afraic Theas, an Chóiré Theas, an Téalainn, an Tuirc, an Úcráin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(41) Ní bhfuair an Coimisiún aon chomhoibriú ó na tíortha a luaitear thuas; fuair sé freagra iomlán amháin áfach ar an gceistneoir ó tháirgeoir atá lonnaithe sa Rúis, a bhí faoi réir an imscrúdaithe chéanna. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún i dtosach gur rogha iomchuí í an Rúis mar thír ionadaíoch don Bhealarúis.

(42) I gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir aitheanta lena mbaineann, agus le húdaráis na dtíortha lena mbaineann, maidir le roghnú na tíre ionadaíche. Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara.

(43) Tar éis na cros-seiceála cianda áfach, measadh nár leor an comhoibriú ón táirgeoir sa Rúis (féach Roinn 3.3.1 thíos). De bhun Airteagal 2(7), an dara fomhír den bhun-Rialachán, tabharfar aird chuí ar "*aon fhaisnéis iontaofa a chuirfear ar fáil tráth an roghnúcháin, agus go háirithe ar chomhar onnmhaireoir agus táirgeoir amháin ar a laghad sa tír sin*" *agus tír ionadaíoch iomchuí á roghnú*. In éagmais comhoibriú leordhóthanach agus faisnéis iontaofa ó aon cheann de na táirgeoirí WPT sa Rúis, chinn an Coimisiún dá bhrí sin an Rúis a chur as an áireamh mar thír ionadaíoch iomchuí.

([7]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

(44) Mar thoradh air sin, in éagmais comhoibriú ó aon táirgeoir eile i dtír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch, cinneadh an gnáthluach bunaithe ar na praghsanna iarbhír a íoctar san Aontas ar an táirge comhchosúil, in aghaidh bunchineál táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha, mar a leagtar síos in Airteagal 2(7), an chéad fhomhír den bhun-Rialachán. Suíodh gnáthluachanna ar leith le haghaidh táirgí dubha agus táirgí galbhánaithe ([8]).

(45) Tar éis an nochta, d'áitigh údaráis na Bealarúise gur theip ar an gCoimisiún a léiriú nárbh fhéidir roghanna a úsáid, seachas na praghsanna a íocadh go hiarbhír san Aontas ar an táirge comhchosúil, chun cinneadh a dhéanamh ar an ngnáthluach. Is é an tuairim a bhí acu nach raibh an Coimisiún gníomhach ar lorg comhoibriú ó údaráis na dtíortha a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch. Thairis sin, d'áitigh údaráis na Bealarúise gur cheart don Choimisiún, in ionad phraghsanna an Aontais, úsáid a bhaint as an ngnáthluach arna chinneadh don Rúis nó, mar mhalairt air sin, úsáid a bhaint as na sonraí atá ar fáil ón Téalainn a úsáidtear chun gnáthluach a ríomh don tSín, mar a thuairiscítear thíos in aithris (150).

(46) Maidir leis an gcéad phointe, deimhníonn an Coimisiún, mar a mhínítear in aithrisí (40) agus (41) thuas, go raibh sé gníomhach ar lorg comhoibriú in ocht dtír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch ach nach bhfuair sé comhoibriú ar bith ó aon tír díobh sin. Tá na litreacha a sheol an Coimisiún ina leith seo ar fáil sa chomhad atá oscailte lena scrúdú ag páirtithe leasmhara.

(47) Maidir leis an dara pointe, mar a mhínítear in aithris (43), roghnaíodh an Rúis go sealadach mar thír ionadaíoch don Bhealarúis. Mar sin féin, toisc nach ann do chomhoibriú leordhóthanach ná faisnéis iontaofa ó tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin ar a laghad, ní raibh sé de rogha ag an gCoimisiún ach neamhaird a thabhairt ar an Rúis mar thír ionadaíoch. Maidir leis an Téalainn, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil gá le comhoibriú ó onnmhaireoir agus táirgeoir amháin ar a laghad sa tír sin chun tír ionadaíoch iomchuí a roghnú don Bhealarúis, i gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán. Os a choinne sin, ní ceanglas é sin maidir le ríomh an ghnáthluacha don tSín de bhun Airteagal 2(6ú)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní raibh an Téalainn ina tír ionadaíoch iomchuí faoi Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán don Bhealarúis.

(48) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(b) ***An praghas onnmhairí***

(49) Níor onnmhairigh aon cheann de na táirgeoirí comhoibritheacha sa Bhealarúis méideanna móra den táirge faoi athbhreithniú chuig margaí tríú tíre le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(50) Mar sin féin, ó tharla gur dhealraigh sé ó staitisticí trádála na Bealarúise maidir le hallmhairí agus le honnmhairí gurb amhlaidh a onnmhairíodh an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis chuig tríú tíortha eile le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, thángthas ar an gconclúid gurb amhlaidh nár tháinig aon táirgeoir chun tosaigh le comhoibriú leis an imscrúdú, táirgeoirí arb amhlaidh dóibh go bíonn an táirge faoi athbhreithniú á onnmhairiú acu.

(51) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Bealarúise go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú suntasach ó tháirgeoirí a mbíonn an táirge faoi athbhreithniú á onnmhairiú go hiarbhír acu, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i dtaca leis na torthaí maidir leis an mBealarúis.

(52) Ina mbarúlacha maidir le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 18, d'áitigh údaráis na Bealarúise gurbh iomchuí úsáid a bhaint as na sonraí a sholáthair na trí tháirgeoir chomhoibritheacha seachas staitisticí maidir le hallmhairí agus le honnmhairí. Thairis sin, mhaígh siad, agus d'athluaigh siad é, nárbh iomchuí cóid an Chórais Chomhchuibhithe (HS) a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú. Ar deireadh, d'áitigh siad nár chuir an Coimisiún athonnmhairí san áireamh mar, ina dtuairim siúd, ba é 2 400 tona méid na n-onnmhairí den táirge faoi athbhreithniú chuig tríú tíortha (i.e. an Rúis) agus cuimsíodh leis sin onnmhairí arna ndéanamh ag cuideachta a cheannaíonn an táirge faoi athbhreithniú sa Rúis, a dhéanann an tseirbhís galbhánaithe air, agus a athonnmhairíonn ar ais é.

([8]) Is píopaí/feadáin ghalbhánaithe iad píopaí/feadáin dhubha ar cuireadh próiseas galbhánaithe orthu ina dhiaidh sin, ina gcuirtear brat since ar an bpíopa nó ar an bhfeadán.

(53) Maidir leis an gcéad mhaíomh, shoiléirigh an Coimisiún nár chuir sé in aghaidh na sonraí ó na trí tháirgeoir chomhoibritheacha sa Bhealarúis ná nár chuir sé na sonraí sin as an áireamh. Go simplí, níor onnmhairigh na trí chuideachta méideanna móra den táirge faoi athbhreithniú a bhféadfadh an Coimisiún iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go leanfaí de dhumpáil nó go dtosófaí uirthi arís.

(54) Maidir leis an dara maíomh, thug an Coimisiún dá aire gur chuig an Rúis a dhéantar onnmhairí go léir nach mór den táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis. Rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar na staitisticí maidir le honnmhairí ón mBealarúis chuig an Rúis (ar leibhéal ocht ndigit) leis na hallmhairí isteach sa Rúis (ar leibhéal 10 ndigit) bunaithe ar staitisticí in Global Trade Atlas ("GTA") ([9]). Dheimhnigh an Coimisiún go mbaineann an táirge faoi athbhreithniú leis an tuairisc le haghaidh chóid ar leibhéal 8 ndigit a úsáidtear le haghaidh onnmhairí ón mBealarúis chomh maith leis na cóid ar leibhéal 10 ndigit a úsáidtear le haghaidh na n-allmhairí isteach sa Rúis. Ar deireadh, bhain an Coimisiún úsáid as figiúirí allmhairí na Rúise ar leibhéal 10 ndigit, toisc go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe iontu ar na cineálacha éagsúla WPT.

(55) Maidir leis an tríú maíomh, thug an Coimisiún trí phointe dá aire: ar dtús, ón bhfaisnéis a bailíodh, bhí níos mó ná 4 800 tona i gceist le honnmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis chuig an Rúis i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Ansin, bhí níos lú ná 1 000 tonna i gceist leis na méideanna den táirge galbhánaithe a onnmhairíodh, de réir na bhfoinsí céanna. Ar deireadh, deimhníodh measúnú an Choimisiúin ar bhonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfianaise na héagmaise comhoibrithe shuntasaigh ó tháirgeoirí sa Bhealarúis a d'onnmhaireodh méideanna móra den táirge i gceist toisc nach bhfuair an táirgeoir athonnmhairiúcháin arna agairt ag údaráis na Bealarúise aon chomhoibriú.

(56) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(57) Dá dheasca sin, suíodh an praghas onnmhairí dóchúil ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Mar thoradh air sin, cinneadh praghsanna díolacháin chuig tríú tíortha bunaithe ar staitisticí allmhairí isteach sa Rúis in Global Trade Atlas ("GTA"), tuarascálacha ón mBanc Domhanda ([10]) agus ECFE ([11]).

(58) Ar dhóigh níos sonraí, shainaithin an Coimisiún an t-allmhaireoir is mó WPT ón mBealarúis i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, i.e. an Rúis, a ghlacann isteach 92 % d'onnmhairí na Bealarúise den táirge faoi athbhreithniú. Ba dhiomaibhseach na méideanna a onnmhairíodh chuig tríú tíortha eile seachas an Rúis agus, dá bhrí sin, measadh nárbh ionadaíoch iad.

(59) Tuairiscíodh an luach allmhairí sa Rúis ar leibhéal CAL. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún na praghsanna a tuairiscíodh chun an praghas onnmhairí a ríomh ar leibhéal an phraghais dhírigh ón monarcha tríd an gcostas iompair intíre sa Bhealarúis ([12]) a asbhaint. Suíodh praghsanna onnmhairí dóchúla ar leith le haghaidh táirgí dubha agus táirgí galbhánaithe.

(c) ***Comparáid***

(60) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus na praghsanna onnmhairí dóchúla chuig an Rúis ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha. Toisc go ndearnadh na honnmhairí táirgí galbhánaithe i méideanna teoranta agus toisc go raibh treocht praghsanna neamh-chomhleanúnach i gceist leo, agus barúlacha údaráis na Bealarúise maidir le hathonnmhairí (mar a mhionsonraítear in aithris (52) thuas) á gcur san áireamh, ní dhearnadh an chomparáid ach le haghaidh na dtáirgí dubha amháin.

(61) Léiríodh sa chomparáid thuas corrlach dumpála dóchúil ar fud na tíre le haghaidh onnmhairí na Bealarúise chuig an Rúis, arna shloinneadh mar chéatadán de luach CAL 8,0 %.

(62) Tar éis nochtadh a dhéanamh, d'áitigh údaráis na Bealarúise agus dhá tháirgeoir ón mBealarúis gur cheart don Choimisiún leasú a dhéanamh ar leibhéal na mbeart don Bhealarúis ós rud é go bhfuil an corrlach dumpála a bunaíodh sa nós imeachta seo i bhfad níos ísle ná na corrlaigh atá bunaithe san athbhreithniú éaga roimhe seo agus san imscrúdú bunaidh.

([9]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm
([10]) https://www.doingbusiness.org/
([11]) https://stats.oecd.org/
([12]) Ar bhonn Thacar Sonraí ECFE: Costais Iompair agus Árachais Idirnáisiúnta na Trádála Marsantais (ITIC), an Bhealarúis – an Rúis. https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC

(63) De bhun fhoráil Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, i gcás ina ndéantar athbhreithniú éaga, is féidir bearta maidir le hathbhreithniú ar dhul in éag a aisghairm nó a choinneáil ar an leibhéal a bhunaítear san imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún leibhéal na ndualgas a athbhreithniú in athbhreithniú éaga.

(64) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(65) Ina theannta sin, d'iarr údaráis na Bealarúise go nochtfaí an ríomh dumpála agus am breise chun barúlacha a thabhairt ina leith.

(66) Tá an mhodheolaíocht maidir le ríomh na dumpála don Bhealarúis mionsonraithe thuas in aithrisí a ghabhann le haithrísí (39) go (61). Tar éis an nochta, arna iarraidh sin d'údaráis na Bealarúise, chuir an Coimisiún sa chomhad a osclaíodh don chomhairliúchán na staitisticí ar fáil, staitisticí maidir leis an Rúis arna n-úsáid chun an praghas onnmhairí ón mBealarúis a chinneadh. Tugadh trí lá do pháirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt.

(67) Fuarthas barúlacha ó Údaráis na Bealarúise maidir le (i) tionscnamh an táirge atá faoi athbhreithniú sna staitisticí, (ii) comhshó airgeadra agus (iii) sainiúlacht na dtaifead staitisticí idir an Bhealarúis agus an Rúis.

(68) Maidir leis an gcéad phointe, d'áitigh údaráis na Bealarúise go raibh táirgí i gceann de na cóid a úsáideadh chun allmhairí ón mBealarúis go dtí an Rúis a bhunú, mar a mhínítear in aithris (54), nach de thionscnamh na Bealarúise iad amháin ach de thionscnamh tíortha eile freisin.

(69) Shoiléirigh an Coimisiún gur dheimhnigh an fhaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe go dtuairiscítear de réir na staitisticí gur de thionscnamh na Bealarúise iad na táirgí a allmhairíodh faoin gcód sin. Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise ar fáil gurb amhlaidh gur de thionscnamh aon tíre eile iad na táirgí a sonraíodh gur de thionscnamh na Bealarúise iad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(70) Maidir leis an dara pointe, d'áitigh údaráis na Bealarúise gur bhain an Coimisiún úsáid as staitisticí allmhairithe na Rúise a sonraíodh de réir euro, ach go soláthraíonn Seirbhís Chustaim Chónaidhm na Rúise staitisticí a shonraítear de réir dhollair na Stát Aontaithe. Dá bhrí sin, bhí siad den bharúil gur cheart don Choimisiún ráta malairte lá an díolacháin a úsáid mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(10) (j) den bhun-Rialachán.

(71) Ar an gcéad dul síos, tá feidhm ag forálacha Airteagal 2(10) (j) maidir leis an gcomparáid idir praghsanna onnmhairí agus gnáthluach i bhfianaise idirbhearta díolacháin iarbhír. Sa chás seo, mar a mhínítear in aithris (57) thuas, rinneadh an meánphraghas onnmhairí a chinneadh bunaithe ar staitisticí allmhairithe ó GTA seachas ar idirbhearta iarbhír díolacháin. Ar an dara dul síos, is é atá sa ráta comhshóite a úsáidtear in GTA ná an meán míosúil arna ríomh ó mheáin laethúla na míosa. Dá bhrí sin, i dtuairim an Choimisiúin, cheadaigh sé comparáid chruinn idir an praghas onnmhairí agus an gnáthluach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(72) Maidir leis an tríú pointe, d'áitigh údaráis na Bealarúise gur comhaltaí den Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach (EAEU) iad Poblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise. Is é a bhí i gceist leis sin go gcuirtear saorghluaiseacht earraí i gcrích gan rialuithe custaim, bhí siad den tuairim dá bhrí sin nach n-áirithítear go mbeidh na hearraí a onnmhairítear go hiarbhír ag comhlíonadh chód fógartha an chustaim.

(73) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an ráiteas sin. Ní chuireann éagmais rialuithe custaim deireadh leis na ceanglais tuairiscithe d'idirbhearta allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin. Tá an tuairisc ar na cóid chustaim a úsáidtear ag teacht le sainmhíniú an táirge faoi athbhreithniú agus níor cuireadh aon fhianaise dá mhalairt ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh sin.

3.1.2.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis

(74) Suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir agus na sonraí a sholáthair na trí tháirgeoir chomhoibritheacha sa Bhealarúis.

(75) De réir na sonraí a soláthraíodh san iarraidh, thart ar 50 000 tona atá i gceist leis an acmhainneacht táirgeachta bhreise den táirge faoi athbhreithniú sa Bhealarúis. Suíodh leis an imscrúdú go bhfuil thart ar 30 000 tona d'acmhainneacht táirgeachta bhreise den táirge faoi athbhreithniú ag na trí tháirgeoir chomhoibritheacha.

(76) Ina theannta sin, faoi mar a suíodh leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, féadfar línte táirgthe an táirge faoi athbhreithniú a úsáid chun feadáin tháite agus píopaí táite a tháirgeadh agus chun codanna tolla a tháirgeadh araon (níl de dhifear idir táirgeadh an dá tháirge ach céim bheag táirgeachta). Ina theannta sin, d'fhéadfaí píopaí táite ar mó an trastomhas ná 168,3 mm ("píopaí móra"), nach mbaineann na himeachtaí seo leo, a tháirgeadh ar na línte táirgthe céanna.

(77) Dá bhrí sin, agus é á chur san áireamh go bhféadfaí an measc án táirgí a athrú, meastar gurb é thart ar 50 000 tona atá i gceist leis an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis le haghaidh na dtáirgeoirí comhoibritheacha, nó breis is 9 % de thomhaltas an Aontais. Ina theannta sin, toisc nach mbaineann ach 40 % den táirgeadh iomlán sa Bhealarúis leis na táirgeoirí comhoibritheacha, agus má ghlactar leis an gcóimheas céanna acmhainneachta breise i gcás na dtáirgeoirí neamh-chomhoibritheacha, féadfar an acmhainneacht bhreise ar fud na tíre a mheas ar thart ar 125 000 tona.

(78) Bunaithe ar an méid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil acmhainneachtaí breise móra ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Bealarúise a bhféadfaidís iad a úsáid chun WPT a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

(79) Tar éis an nochta, chuir táirgeoir amháin ón mBealarúis agus údaráis na Bealarúise i gcoinne ríomh an Choimisiúin i dtaca le hacmhainneacht bhreise sa Bhealarúis mar is é an tuairim a bhí acu go bhfuil rómheastachán suntasach déanta ar an ríomh agus níor chuir an Coimisiún san áireamh na táirgí eile a táirgeadh ar an líne chéanna tháirgthe.

(80) Soiléiríonn an Coimisiún go raibh an meastachán ar an acmhainneacht bunaithe ar na sonraí iarbhír a chuir na trí tháirgeoir comhoibritheacha ar fáil ina gcuid freagraí ceistneora. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (77), chuir an Coimisiún na táirgí eile a tháirgtear ar an líne chéanna tháirgthe san áireamh. Ina theannta sin, i bhfianaise tharraingteacht mhargadh an Aontais, thángthas ar an gconclúid gur dócha go n-athróidh táirgeoirí na Bealarúise meascán na dtáirgí, agus go méadóidís a n-acmhainneacht táirgeachta maidir leis an táirge faoi athbhreithniú dá rachadh na bearta in éag.

(81) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.1.2.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(82) De réir shonraí GTA, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Bealarúise chuig a dtríú príomh-mhargadh, an Rúis, ar phraghsanna a bhí, ar an meán, 5 % ní b'ísle i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Agus an leibhéal praghsanna sin á gcur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith níos tarraingtí d'onnmhairí na Bealarúise ná onnmhairiú chuig gach tír eile, nach mór. Ina theannta sin, i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, thart ar 4 800 tona a bhí i gceist leis na honnmhairí chuig an Rúis, níos lú ná 10 % d'acmhainneacht bhreise mheasta na dtáirgeoirí comhoibritheacha sa Bhealarúis, agus níos lú ná 4 % den acmhainneacht bhreise mheasta ar fud na tíre.

(83) Tá margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí na Bealarúise freisin i bhfianaise a ghiorrachta geografaí agus a mhéide, le tomhaltas iomlán 541 000 tona.

3.1.2.3. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtosófaí arís uirthi

(84) Shuigh an Coimisiún gur leanadh de chleachtais dumpála maidir le honnmhairí na Bealarúise chuig a bpríomh-mhargadh tríú tír (an Rúis).

(85) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar fhianaise eile gur dhócha go dtosófaí arís ar an dumpáil dá rachadh na bearta in éag.

(86) Léiríodh le tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna, agus leis an acmhainneacht bhreise mhór atá ar fáil sa Bhealarúis i gcónaí, gur dhócha go ndéanfaí onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Bealarúise a (ath)dhíriú ar an Aontas, dá ligfí do na bearta dul in éag.

(87) Dá dheasca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go dtosófaí ar dhumpáil arís, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

3.2. **Daon-Phoblacht na Síne**

3.2.1. *Réamhbharúlacha*

(88) Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, leanadh den táirge faoi athbhreithniú, ar táirge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é, a allmhairiú, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal i bhfad ní b'ísle ná i dtréimhse imscrúdaithe an chéad imscrúdaithe (i.e. ó mhí Iúil 2006 go dtí mí an Mheithimh 2007). De réir staitisticí Comext (Eurostat), bhí thart ar 0,1 % de mhargadh an Aontais i gceist le hallmhairí WPT ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, i gcomparáid le scair 13,8 % den mhargadh sa chéad imscrúdú. Sonraíodh scair íseal (0,03 %) den mhargadh freisin san athbhreithniú éaga roimhe seo. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ollmhór ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó bheagnach 184 887 tona i rith na chéad tréimhse imscrúdaithe go dtí 118 tona san athbhreithniú éaga roimhe seo agus 559 tona san athbhreithniú éaga reatha.

(89) Mar a luadh in aithris (22), níor chomhoibrigh aon duine de na honnmhaireoirí/táirgeoirí ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, níor thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin freagraí ar an gceistneoir, lena n-áirítear aon sonraí ar phraghsanna agus costais onnmhairí, praghsanna agus costais intíre, ídiú ionchur sa phróiseas táirgthe, forchostais mhonaraíochta, acmhainneacht, táirgeadh, infheistíochtaí, etc. Ar an gcaoi chéanna, níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin aghaidh ar an bhfianaise maidir le comhad an cháis, lena n-áirítear an "Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála" ([13]) ("an Tuarascáil").

(90) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil.

(91) Dá dheasca sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, bhí na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtosófaí arís í maidir le Daon-Phoblacht na Síne bunaithe ar na fíorais a bhí le fáil, go háirithe an fhaisnéis san iarratas ar an athbhreithniú éaga agus sna haighneachtaí ó na páirtithe leasmhara, i gcomhar le foinsí eile faisnéise, amhail staitisticí maidir le trádáil eachtrach i ndáil le hallmhairí agus le honnmhairí (Eurostat agus GTA), sonraí staitisticí ó shuíomhanna gréasáin údarás cánach agus custaim na Síne ([14]), tuarascálacha ón mBanc Domhanda agus ECFE, agus soláthraithe neamhspleácha faisnéise praghsála, nuachta, sonraí, anailís agus comhdhálacha don tionscal iarainn agus cruach amhail Deloitte ([15]), Transcustoms ([16]), Global Trade Alert ([17]) agus Huajing Industry Research Institute ([18]).

3.2.2. *Leanúint de dhumpáil allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe*

3.2.2.1. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

(92) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú maidir leis an tír sin ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(93) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

([13]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2.

([14]) http://www.gov.cn/zhengce/content/2017-12/01/content_5243734.htm
http://www.chinatax.gov.cn/n810341/n810755/c3377945/content.html
http://www.gov.cn:8080/gongbao/content/2019/content_5416183.htm

([15]) https://www2.deloitte.com/content/dam/Deloitte/cn/Documents/tax/deloitte-cn-tax-changes-to-vat-regulations-zh-171205.pdf

([16]) http://www.transcustoms.cn/index.asp

([17]) https://www.globaltradealert.org/

([18]) https://m.huaon.com/detail/407989.html
https://m.huaon.com/detail/617918.html

(94) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh Meicsiceo roghnaithe go sealadach aige mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(95) An 11 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir a threoraíonn an rogha praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha (mar atá an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc). Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an gCéad Nóta.

(96) An 4 Meitheamh 2020, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ("an Dara Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurb í an Téalainn an tír ionadaíoch ([19]). Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin ("costais SGA") agus an brabús bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil ó tháirgeoirí sa tír ionadaíoch – Pacific Pipe Co., Ltd. agus Asia Metal Co., Ltd. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an Dara Nóta.

3.2.2.2. Gnáthluach

(97) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*".

(98) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "*i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn costas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*", agus "*áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair brabús*" ("costais SGA" a thugtar anseo feasta ar "*costais díola, ghinearálta agus riaracháin*").

(99) Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(a) ***Saobhadh suntasach a bheith ann***

(1) Réamhrá

(100) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán is éard atá i "*saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas*:

— *an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;*

— *an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;*

([19]) Faoi mar a leagtar síos in aithrisí (144) go (152)

— *beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;*

— *maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;*

— *saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;*

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát*".

(101) De réir Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, sa mheasúnú ar an ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) cuirfear san áireamh, i measc nithe eile, liosta neamh-uileghabhálach gnéithe san fhoráil roimhe sin. De bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, agus measúnú á dhéanamh ar an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo ar phraghsanna agus ar chostais sa tír is onnmhaireoir den táirge faoi athbhreithniú. Go deimhin, toisc gur liosta neamhcharnach é an liosta sin, ní gá aird a thabhairt ar na gnéithe go léir chun toradh de shaobhadh suntasach a fháil. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gurb ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá idir lámha. Féadfaidh an measúnú foriomlán ar an ann do shaobhadh comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(102) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán "*(i) gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*".

(103) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil de réir tíre ([20]) maidir le Daon-Phoblacht na Síne, ina dtaispeántar gurb ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe ag tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh.

(104) Soláthraíodh fianaise bhreise san iarraidh freisin gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) dá dtagraítear thuas, a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(105) Go háirithe, thagair an t-iarratasóir do chleachtais a dhéanann difear do na costais agus na praghsanna in earnáil WPT agus in earnáil na cruach (is iad cornaí cruach teorollta príomhionchur WPT):

— i measc na gcúig tháirgeoir cruach is mó sa tSín, is fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad ceithre cinn díobh agus, mar sin, bíonn na cuideachtaí sin ag feidhmiú faoi úinéireacht, faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais Rialtas na Síne;

— ní torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad costais amhábhar agus fuinnimh i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go ndéanann idirghabhálacha substainteacha rialtais difear dóibh, faoi mar a deimhníodh in imscrúdú frith-fhóirdheontais le déanaí a bhain le táirgí comhréidhe teorollta ([21]);

— tairbhíonn na táirgeoirí cruach teorollta d'iasachtú fabhrach ar fóirdheontais iad, rud a deimhníodh freisin leis an nós imeachta frith-fhóirdheontais a luaitear thuas.

([20]) Amhail dá dtagraítear in aithris (82) thuas

([21]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969.

(106) Mar a shonraítear in aithris (93), níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir a seoladh chuige. Mar a luaitear in aithrisí (22) agus (89), ní bhfuarthas aon chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin agus níor sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin fianaise ach oiread chun tacú leis an bhfianaise reatha maidir le comhad an cháis, nó chun í a fhrisnéis, lena n-áirítear an Tuarascáil, agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, ar saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó ar a iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás seo.

(107) Scrúdaigh an Coimisiún cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú.

(2) Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne

(108) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap maidir le "*geilleagar margaidh sóisialach*". Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal "*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, eadhon, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*". Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit *"fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta"* agus tá sainordú ag an Stát maidir le "*comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú*" ([22]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnaigh reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([23]).

(109) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir Stát na Sine agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú óna chéile iontu. Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh suntasacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: "(i)*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*" cuireadh dara habairt nua isteach ina léitear: "[i]*s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*." ([24]) Léiríonn sé sin an smacht gan cheist agus atá ag fás de shíor atá ag an bPáirtí Cumannach ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne. Is gné dhílis de chóras na Síne í an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann sé thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú.

(110) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch crioscaíolach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na gcoinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([25]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais, chomh maith le leibhéal na timpeallachta rialála.

(111) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá sé i láthair ar gach leibhéal den rialtas. Bíonn na pleananna ar leibhéal cúige mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí cé gur ghné thráthrialta de thimthriallta pleanála roimhe seo a bhíodh ansin. Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh. Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir

([22]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.
([23]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 10.
([24]) Le fáil ar http://www.fdi.gov.cn/1800000121_39_4866_0_7.html (rochtain deiridh an 15 Iúil 2019).
([25]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.

chinn phríobháideacha agus chinn faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an méid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílse dá réir sin, rud lena gcuirtear faoi deara dá bhrí sin do na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin Roinn 3.2.2.2(a)(5) thíos) ([26]).

(112) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit ar chóras airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith (féach freisin Roinn 3.2.2.2(a)(8) thíos) ([27]). Tá an rud céanna fíor maidir leis na comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháideacha, etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais seachas earnáil na baincéireachta bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil de chuid an Stáit agus Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([28]).

(113) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl an cineál spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([29]). Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar dhearbhmhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([30]).

(114) Mar sin, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabháil rialtais agus a spreagann iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([31]).

(3) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(115) I nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar.

(116) Coinníonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir lena n-áirithítear go mbeidh tionchar leanúnach acu ar fhiontair, agus go háirithe fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit. Ní hamháin go ndéanann an Stát (agus Páirtí Cumannach na Síne freisin ar go leor bealaí) beartais eacnamaíocha ghinearálta fiontar ar leith atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus go ndéanann sé maoirseacht ar a gcur chun feidhme, ach éilíonn sé a chearta freisin le bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochta fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit. Déantar é sin de ghnáth tríd an meánbhainistíocht a rothlú idir údaráis an rialtais agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit agus cealla páirtí i gcuideachtaí (féach freisin Roinn 3.2.2.2(a)(4)), chomh maith lena dhéanamh trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú ([32]). Mar chúiteamh air sin, baineann fiontair faoi úinéireacht an Stáit leas as stádas ar leith laistigh de

([26]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41, 73-74.
([27]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([28]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 122-135.
([29]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([30]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([31]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-9.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 22-24 agus Caibidil 5, lgh. 97-108.

gheilleagar na Síne, ina gcuimsítear roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú ([33]). Déantar forbairt bhreise i Roinn 3.2.2.2(a)(4) thíos ar na gnéithe lena léirítear an smacht atá ag an rialtas ar fhiontair in earnáil WPT.

(117) Go sonrach, is ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne in earnáil na cruach, arb í an t-amhábhar príomha í chun WPT a tháirgeadh. Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon fiontar faoi úinéireacht an Stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad ceithre cinn díobh ([34]). An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % d'aschur iomlán an tionscail in 2016 leis na deich dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú thart ar dheich bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ([35]). Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019, agus d'fhógair eisiúint treoirlínte maidir le comhdhlúthú an tionscail cruach ([36]). D'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcomhdhlúthú sin cumaisc éigeantacha de chuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus fiontair atá ag tearcfheidhmiú faoi úinéireacht an Stáit ([37]).

(118) Mar a míníodh thuas, tá scair ard fiontar faoi úinéireacht an Stáit san earnáil cruach, arb í an príomhsholáthraí í den amhábhar chun WPT a tháirgeadh. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí WPT sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí WPT príobháideacha agus faoi úinéireacht an Stáit a dhearbhú. Mar sin féin, léiríodh san imscrúdú go mbíonn fiontair phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil WPT faoi réir maoirseacht agus treoraíocht beartais freisin mar a leagtar amach i Roinn 3.2.2.2(a)(5) thíos.

(4) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

(119) Seachas smacht a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireachta ar fhiontair faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin ([38]), léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([39])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na héilimh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh ([40]). In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([41]). Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, thar gach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí WPT agus soláthraithe a gcuid ionchuir.

([33]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 104-9.

([34]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit i dtéarmaí táirgthe, agus 44 % d'fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha i dtéarmaí acmhainneachta.

([35]) Le fáil ar: www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020); https://policycn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020), agus www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020).

([36]) Le fáil ar http://www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020) agus http://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020).

([37]) Faoi mar a tharla i gcás an chumaisc idir Rizhao, cuideachta phríobháideach, agus Shandong Iron and Steel, fiontar faoi úinéireacht an Stáit, in 2009. Féach an tuarascáil ar chruach Bhéising, lch. 58, agus an leas tromlaigh de China Baowu Steel Group a shealbhaigh Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2 (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020)

([38]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-1.

([39]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 26

([40]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-2.

([41]) Le fáil ar https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (léite den uair dheireanach an 15 Iúil 2019).

(120) Déanann go leor táirgeoirí WPT gníomhaíochtaí neartaithe páirtí a chur i dtábhacht go sainráite ar a suíomh gréasáin, bíonn comhaltaí den pháirtí ar fhoireann bainistíochta na cuideachta, agus cuireann siad a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht. Léiríodh san imscrúdú gníomhaíochtaí neartaithe páirtí i roinnt táirgeoirí WPT, lena n-áirítear Jinghua Steel Pipe Group, Kingland Group agus Jiangsu Guoqiang Zinc-plating Industrial Co. Ltd. I bhfianaise maidir le haon táirgeoir amháin den táirge faoi athbhreithniú, léiríodh gur cuimsíodh leis na gníomhaíochtaí sin, *inter alia*, rannpháirtíocht comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne chun an cás, samhail ghnó agus straitéis forbartha cuideachta a phlé, earcú comhaltaí den pháirtí a éascú; léachtaí, siompóisiamaí agus gníomhaíochtaí oideachais eile ar théama Pháirtí Cumannach na Síne, na fealsúnachta cumannaí etc.; imeachtaí foirmiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne; etc. Thairis sin, shuigh an Coimisiún i rith an imscrúdaithe ceangail phearsanta idir táirgeoirí WPT agus an Páirtí, amhail comhaltaí an Pháirtí sa bhainistíocht shinsearach nó ar an mbord stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí a mbíonn WPT á mhonarú acu, lena n-áirítear Jinghua Steel Pipe Group, Kingland Group, Fubo Group, Weifang East Steel Pipe Co. Ltd agus Huludao City Steel Pipe Industrial Co. Ltd.

(121) Is í an earnáil cruach an t-amhábhar is mó chun WPT a tháirgeadh, agus tá go leor de na táirgeoirí is mó faoi úinéireacht an Stáit. Tagraítear go sonrach do chuid díobh sin in "Steel Industry Adjustment and Upgrading plan for 2016-2020" ([42]). Mar shampla, luann Shanxi Taiyuan Iron & Steel Co. Ltd. ("TISCO"), cuideachta Shíneach atá faoi úinéireacht an Stáit, ar a shuíomh gréasáin gur "*mórchuideachta iarainn agus cruach*" atá ann "*a d'fhorbair ina chóras ollmhór iarainn agus cruach ar mhórscála, atá comhtháite le gnó na mianadóireachta iarainn, an táirgthe iarainn agus cruach, na próiseála, an tseachadta agus na trádála*" ([43]). Fiontar Síneach eile faoi úinéireacht an Stáit is ea Baosteel a bhíonn ag gabháil don mhonarú cruach agus atá ina chuid de China Baowu Steel Group Co. Ltd., cuideachta a comhdhlúthaíodh le déanaí (ar a dtugtaí Baosteel Group agus Wuhan Iron & Steel roimhe seo) ([44]).

(122) Tá éifeachtaí saofa breise ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais (féach freisin Roinn 3.2.2.2.(a)(7) thíos) chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ar an margadh ([45]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, lena n-áirítear fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, san earnáil cruach agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

(5) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fhleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

(123) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtas áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([46]).

(124) Bíodh is gur tionscal speisialaithe é WPT agus nárbh fhéidir aon doiciméid bheartais shonracha ina raibh treoraíocht shonrach maidir le forbairt an tionscail WPT a shainaithint san imscrúdú, tá an tionscal WPT ag tairbhiú de threoraíocht agus d'idirghabháil rialtais sa phríomh-amhábhar chun WPT a tháirgeadh, mar atá cruach. Léirítear iarmhairtí saobhacha idirghabháil an rialtais ar an tionscal WPT le fadhb na ró-acmhainneachta móire. Deimhnítear sa tuarascáil ar staid thionscal na bhfeadán cruach táite in 2018 gurb ann do ró-acmhainneacht thromchúiseach (féach an sliocht iomlán in aithris (209)) ([47])

([42]) Tá téacs iomlán an phlean le fáil ar shuíomh gréasáin MIIT: http://www.miit.gov.cn/n1146295/n1652858/n1652930/n3757016/c5353943/content.html (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020)

([43]) TISCO, "Próifíl cuideachta", http://en.tisco.com.cn/CompanyProfile/20151027095855836705.html (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020)

([44]) Baowu, "Próifíl cuideachta", http://www.baowugroup.com/en/contents/5273/102759.html (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020)

([45]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.

([46]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.

([47]) Anailís ar thionscal na bpíopaí cruach táite sa tSín in 2018, Huajing Information Network, foilsithe an 5.3.2019 https://m.huaon.com/detail/407989.html

(125) Thairis sin, measann Rialtas na Síne gur príomhthionscal é an tionscal cruach ([48]). Deimhnítear é sin sna pleananna, treoracha agus doiciméid iomadúla eile ina ndírítear ar an gcruach, a eisítear ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach amhail "Steel Industry Adjustment and Upgrading plan for 2016-2020". Luaitear sa Phlean sin gurb "*earnáil bhunúsach thábhachtach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta*" ([49]) é an tionscal cruach. Cumhdaítear leis na príomhthascanna agus na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean seo gach gné d'fhorbairt an tionscail ([50]).

(126) Beartaítear sa 13ú Plean Cúig Bliana maidir leis an bhForbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ([51]) go dtabharfaí tacaíocht d'fhiontair a mbíonn cineálacha táirge cruach ardleibhéil á dtáirgeadh acu ([52]). Dírítear ann freisin ar cháilíocht, marthanacht agus iontaofacht táirge a bhaint amach trí thacú le cuideachtaí a mbíonn teicneolaíochtaí in úsáid acu a bhaineann le táirgeadh glan cruach, beacht-rollú, agus feabhas ar cháilíocht ([53]).

(127) In "Catalogue for Guiding Industry Restructuring (2011 Version) (2013 Amendment)" ([54]) ("an Chatalóg"), liostaítear cruach mar thionscal spreagtha.

(128) Déanann Rialtas na Síne treorú breise ar fhorbairt na hearnála i gcomhréir le raon leathan uirlisí agus treoracha beartais a bhaineann, *inter alia*, leo seo a leanas: comhdhéanamh agus athstruchtúrú an mhargaidh, amhábhair, infheistíocht, díothú acmhainneachta, raon táirgí, athshocrú, uasghrádú, etc. Tríothu sin agus trí bhealaí eile, déanann Rialtas na Síne gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú ([55]). D'fhéadfaí a áitiú gurb í fadhb reatha na ró-acmhainneachta an léiriú is soiléire ar impleachtaí bheartais Rialtas na Síne agus ar an saobhadh a eascraíonn astu.

(129) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear cruach a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(6) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

(130) De réir na faisnéise atá ar chomhad, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí féin amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([56]).

(131) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ([57]). Is le Stát na Síne an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit). Tá a leithdháileadh ag brath go hiomlán ar an Stát. Is forálacha dlíthiúla iad sin a bhfuil sé mar aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ag praghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi rátaí an mhargaidh ([58]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena

([48]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.
([49]) Réamhrá le The Plan for Adjusting and Upgrading the Steel Industry.
([50]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 347.
([51]) The 13th Five-Year Plan for Economic and Social Development of the People's Republic of China (2016-2020), le fáil ar https://en.ndrc.gov.cn/newsrelease_8232/201612/P020191101481868235378.pdf (léite den uair dheireanach an 2 Márta 2020)
([52]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 349.
([53]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 352.
([54]) Catalogue for Guiding Industry Restructuring (2011 Version) (2013 Amendment) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 9 den Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, arna leasú i gcomhréir le Cinneadh an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha de Catalogue for Guiding Industry Restructuring (2011 Version) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.
([55]) Tuarascáil – Caibidil 14, lgh. 375-376.
([56]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.
([57]) Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 216.
([58]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.

n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([59]).

(132) Amhail earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí WPT faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart, rud a chruthaíonn saobhadh dá réir sin trí ghnólachtaí dócmhainneacha a choimeád sócmhainneach agus trí chearta úsáide talún a leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil WPT.

(133) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil WPT, lena n-áirítear i dtaca leis an táirge faoi athbhreithniú.

(7) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(134) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne roinnt de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe iad sin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([60]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([61]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Fágann sé sin oibrithe nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu iad féin i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na daoine a bhfuil an clárú cónaitheachta acu ([62]). Fágann na torthaí sin go ndéantar costais pá a shaobhadh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(135) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach bhfuil earnáil WPT faoi réir chóras dlí saothair na Síne mar a thugtar tuairisc air thuas. Déanann an saobhadh ar chostais pá difear go díreach dá réir sin d'earnáil WPT (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó an príomh-amhábhar lena tháirgeadh á dhéanamh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(8) Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(136) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir saobhadh éagsúil.

(137) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([63]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) ([64]) agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag an rialtas chun feidhme go tráthrialta. Agus iad á dhéanamh sin, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([65]).

([59]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.
([60]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([61]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 336.
([62]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.
([63]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.
([64]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 119.
([65]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 120.

(138) Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla.

(139) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear go mbíonn tionchar ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([66]).

(140) Is measa fós iad na saincheisteanna sin de bharr rialacha breise, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([67]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(141) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás le déanaí ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá i bhfeidhm sa chóras baincéireachta na gnáthfhreagairtí tráchtála.

(142) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Go deimhin, léiríonn an scair iasachtaithe ag an tagarmharc nó faoina bhun 45 % den iasachtú go léir fós agus tá dlús curtha faoi na hiarrachtaí dul i muinín creidmheasa spriocdhírithe, toisc gur tháinig méadú mór orthu sin ó 2015 in ainneoin dálaí eacnamaíocha a bheith imithe in olcas. Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(143) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas i nDaon-Phoblacht na Síne go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha tar éis dul i méid go tapa le blianta beaga anuas. Agus staid ann ina bhfuil líon na bhfiach atá i mbaol ag dul i méid, roghnaigh Rialtas na Síne mainneachtain a sheachaint. Dá dheasca sin, láimhsíodh saincheisteanna drochfhiachais trí fhiacha a thar-rolladh, rud lena gcruthaítear cuideachtaí "zombaí" mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht na bhfiach a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais ar chothromas), rud nach ionann agus deireadh a chur le fadhb fhoriomlán na bhfiach ná aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na faidhbe.

(144) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh le déanaí chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh i nDaon-Phoblacht na Síne i gcónaí.

(145) Níor tíolacadh aon fhianaise lenar léiríodh go bhfuil earnáil WPT díolmhaithe ó idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais mar a thuairiscítear thuas. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(9) An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(146) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léirítear san fhianaise atá ar fáil gurb infheidhme fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas i Ranna 3.2.2.2(a)(1)- 3.2.2.2(a)(5) agus i gCuid A den Tuarascáil chomh maith, maidir leis an tír ar fad agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is ionann an scéal maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas i Ranna 3.2.2.2(a)(6)-3.2.2.2(a)(8) thuas agus i gCuid B den Tuarascáil.

([66]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta "Resolving China's Corporate Debt Problem", le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203

([67]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

(147) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá raon leathan ionchur chun WPT a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí WPT na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthraithe na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(148) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre de WPT le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) freisin toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

(10) Conclúid

(149) Leis an anailís a leagtar amach i Ranna 3.2.2.2(a)(2) go 3.2.2.2(a)(9), lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil Dhaon-Phoblacht na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus in earnáil WPT chomh maith (lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú), léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán difear dóibh mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó leis an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha dá liostaítear ann. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, mheas an Coimisiún sa deireadh nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(150) Dá dheasca sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh chun an gnáthluach a ríomh ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díola amháin, rud lena léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, is é sin, sa chás sin, ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díola comhfhreagrach i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas. Mheabhraigh an Coimisiún nár maíodh go mbeadh costais intíre áirithe neamhshaofa faoin tríú fleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(b) ***Tír ionadaíoch***

(1) Barúlacha ginearálta

(151) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([68]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([69]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás inarb ann do níos mó ná aon tír ionadaíoch fhéideartha amháin, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leormhaith cosanta sóisialta agus comhshaoil.

([68]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income

([69]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

(152) Mar a mhínítear in aithrisí (95) agus (96), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta an 11 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2020 a ghabhann leis an gcomhad faoi na foinsí chun an gnáthluach agus tosca táirgeachta a chinneadh ("an Chéad Nóta" agus "an Dara Nóta"). Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas i dtaobh a chonclúide gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn sa chás seo.

(2) Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne

(153) Sa Chéad Nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Mhalaeisia, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad go léir mar thíortha "ard-mheánioncaim" ar bhonn ollioncam náisiúnta.

(154) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche tar éis an nóta sin.

(3) Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír ionadaíoch

(155) Sa Chéad Nóta, léirigh an Coimisiún gur sainaithníodh táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa Bhrasaíl, sa Mhalaeisia, i Meicsiceo, sa Téalainn agus sa Tuirc. Mar sin féin, cuireadh an Mhalaeisia as an áireamh mar thír ionadaíoch fhéideartha, toisc nár sainaithníodh ach aon táirgeoir amháin den táirge faoi athbhreithniú, agus ní raibh aon ráiteas airgeadais ar fáil go poiblí don tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(156) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú i dtíortha ionadaíocha féideartha tar éis an Chéad Nóta.

(4) Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(157) Maidir leis na tíortha a bhreithnítear agus a luaitear thuas, rinne an Coimisiún fíorú breise ar infhaighteacht na sonraí poiblí, agus go háirithe sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú.

(158) Lorg an Coimisiún táirgeoirí WPT lena mbaineann sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí a bhféadfaí iad a úsáid chun méideanna neamhshaofa réasúnta a shuí le haghaidh chostais SGA agus brabúis. Theorannaigh an Coimisiún an cuardach do chuideachtaí a raibh ráitis bhrabúis agus chaillteanais acu a bhí ar fáil go poiblí i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus a bhí ina gcuideachtaí brabúsacha sa tréimhse sin. Thairis sin, tugadh tús áite do tháirgeoirí WPT a raibh a ráitis airgeadais ar fáil go poiblí ar leibhéal cuideachta seachas ar leibhéal comhdhlúite don ghrúpa iomlán faoi seach. Dá bhrí sin, níor cuimsíodh leis an Dara Nóta ach dhá chuideachta sa Téalainn agus aon chuideachta amháin sa Tuirc.

(159) Bunaithe ar cháilíocht agus ar mhionsonraí na sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí sa Téalainn agus sa Tuirc, agus infhaighteacht agus ionadaíochas na dtagarmharcanna le haghaidh tosca táirgeachta ([70]) á gcur san áireamh freisin, mheas an Coimisiún gur thír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn

(160) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na sonraí ábhartha uile dá raibh ar fáil sa chomhad maidir leis na tosca táirgeachta sa Téalainn agus thug an méid a leanas dá aire:

— Rinne an Coimisiún anailís ar staitisticí allmhairí gach toisce táirgeachta a liostaítear sa Chéad Nóta, mar a thugtar cothrom le dáta iad leis an Dara Nóta, agus tháinig ar an gconclúid go raibh allmhairí ann de na tosca táirgeachta riachtanacha go léir chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe;

— Bhí staitisticí fuinnimh (praghsanna ar an leictreachas agus ar an ngás nádúrtha) i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar fáil go héasca i bhfoirm sonraí a sholáthair an tÚdarás Leictreachais Cathrach agus an Aireacht Fuinnimh faoi seach;

— Bhí staitisticí ar an gcostas saothair le fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige Staidrimh Náisiúnta.

([70]) Sa Tuirc, i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, níorbh ann d'aon sonraí allmhairí maidir le toisc tháirgeachta thábhachtach – an príomh-sheachtháirge (iarmhar de chruach neamh-chóimhiotail). Thairis sin, bhí srianta onnmhairí i bhfeidhm maidir le haigéad sulfarach. Sa Téalainn, bhí sonraí allmhairí ar fáil le haghaidh na n-amhábhar agus na seachtháirgí go léir, agus níor sainaithníodh aon srian onnmhairí/allmhairí a bhain le haon toisc tháirgeachta.

(161) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair na mbrabús. Mar a luadh in aithris (96), mheas an Coimisiún go raibh ráitis airgeadais a bhí ar fáil go poiblí ag na táirgeoirí Pacific Pipe Co., Ltd. agus Asia Metal Co., Ltd. sa Téalainn a d'fhéadfaí a úsáid mar ionadú chun méid neamhshaofa agus réasúnach a chinneadh i gcomhair costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus na mbrabús.

(5) Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

(162) Tar éis don Choimisiún a shuí gur thír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn ar bhonn na ngnéithe sin, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(6) An chonclúid ar thír ionadaíoch

(163) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Téalainn na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í mar thír ionadaíoch iomchuí. Go háirithe, bhí an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh ar leibhéal substaintiúil sa Téalainn agus bhí tacar iomlán sonraí ann maidir le gach toisc tháirgeachta, costas SGA agus brabús.

(c) ***Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a bhunú***

(164) Sa Dara Nóta, shonraigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch.

(165) Shonraigh an Coimisiún lena chois sin go n-úsáidfí staitisticí na hOifige Idirnáisiúnta Saothair agus staitisticí náisiúnta chun costais neamhshaofa saothair sa tír ionadaíoch a shuí; agus go n-úsáidfí staitisticí náisiúnta, dá dtagraítear in aithris (160), chun costais neamhshaofa fuinnimh a shuí.

(166) Chuir an Coimisiún ar áireamh sa ríomh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, bhain sé úsáid as sonraí airgeadais ceann de na táirgeoirí san Aontas a chomhoibrigh i gcreat an imscrúdaithe dumpála agus a sholáthair faisnéis shonrach chun na críche sin ([71]), Arcelor Mittal Tubular Products, An Pholainn ("AMTP"). Mínítear an mhodheolaíocht sin go hiomchuí i Roinn 3.2.2.2(e).

(167) Ar deireadh, mar a shonraítear sa Dara Nóta, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí airgeadais ó chuideachtaí roghnaithe sa Téalainn, a liostaítear in aithris (161) chun costais SGA agus brabúis a shuí.

(d) ***Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna***

(168) Leis an dá nóta ar thosca táirgeachta, d'fhéach an Coimisiún le liosta a bhunú de thosca táirgeachta agus d'fhoinsí a mbeartaítear iad a úsáid le haghaidh gach toisce táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú ag na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an liosta tosca táirgeachta a chomhroinntear le páirtithe leasmhara sna nótaí sin.

(169) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín i nós imeachta an athbhreithnithe, b'éigean don Choimisiún brath ar AMTP, táirgeoir san Eoraip, chun na tosca táirgeachta a úsáidtear i dtáirgeadh WPT a shuí. Bunaithe ar shonraí a bailíodh ó na cuideachtaí sa tSín sa chéad imscrúdú agus ar fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin táirgeoirí WPT sa tSín, dealraíonn sé go bhfuil a bpróiseas táirgeachta agus na hábhair a úsáidtear cosúil leo siúd a sholáthair AMTP.

(170) In éagmais comhoibriú, ní raibh cóid taraife ní ba mhionsonraithe ná na cóid 6 dhigit HS ag an gCoimisiún le haghaidh gach toisce táirgeachta. Bhí na cóid HS a úsáideadh comhoiriúnaithe go hiomlán le cóid taraife na Téalainne.

([71]) Rinneadh na figiúirí a soláthraíodh do na costais mhonaraíochta a chros-seiceáil go cianda agus a réiteach le cuntais na cuideachta

(171) Ag féachaint don fhaisnéis go léir a sholáthair AMTP agus don easpa barúlacha ar an dá nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a bhaineann leis na tosca táirgeachta a chinneadh, sainaithníodh na tosca táirgeachta agus na cóid taraife seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

Tábla 1

Tosca táirgeachta WPT

Toisc tháirgeachta	Cód HS	Foinsí sonraí	Luach aonaid neamhshaofa
Amhábhar			
Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead >=600 mm, i gcornaí, teorollta go simplí, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe, ar tiús >=4,75 mm ach < 10 mm, nach bhfuil picilte, gan patrúin rilífe	7208 37	GTA	4,34 CNY/kg
Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead >=600 mm, i gcornaí, teorollta go simplí, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe, ar tiús >=3 mm ach < 4,75 mm, nach bhfuil picilte, gan patrúin rilífe	7208 38	GTA	3,96 CNY/kg
Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead >=600 mm, i gcornaí, teorollta go simplí, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe, ar tiús < 3 mm, nach bhfuil picilte, gan patrúin rilífe	7208 39	GTA	4,05 CNY/kg
Sinc	7901 11	GTA	20,69 CNY/kg
Aigéad Sulfarach	2807 00	GTA	0,56 CNY/kg
Lucht saothair			
Costais saothair phá san earnáil monaraíochta	[N/BH]	Féach Roinn 3.2.2.2.(d)(2)	19,91 CNY/uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	[N/BH]	Féach Roinn 3.2.2.2.(d)(3)	0,88 CNY/kWh
Gás Nádúrtha	[N/BH]	Féach Roinn 3.2.2.2.(d)(4)	2,73 CNY/m3
Seachtháirgí			
Iarmhar de chruach neamh-chóimhiotail	7204 41	GTA	3,12 CNY/kg
Sliseanna d'iarmhar de chruach neamh-chóimhiotail	7204 41	GTA	3,12 CNY/kg
Iarmhar de screamh cruach neamh-chóimhiotail	7204 49	GTA	2,11 CNY/kg
Bearrthaí Since	2620 19	GTA	8,11 CNY/kg
Sinc chrua	2620 11	GTA	14,74 CNY/kg

(1) Amhábhair agus seachtháirgí

(172) Chun praghsanna neamhshaofa ábhar mar a sheachadtar ag geata mhonarcha an táirgeora a shuí mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, agus de bhrí nárbh ann d'aon táirgeoir comhoibritheach i nDaon-Phoblacht na Síne, bhain an Coimisiún úsáid as na praghsanna allmhairí isteach sa tír ionadaíoch le haghaidh gach ábhair a úsáideann AMTP chun WPT a tháirgeadh. D'fhíoraigh an Coimisiún na hamhábhair thuairiscithe a úsáidtear, na seachtháirgí a ghintear, agus na cóimheasa ídithe ábhartha i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú.

(173) Maidir le gach amhábhar agus seachtháirge, bhí an Coimisiún ag brath ar phraghsanna allmhairí sa tír ionadaíoch. Cinneadh an praghas allmhairí sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe de phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (149) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairí. Níor shuntasach na méideanna a eisiadh ó allmhairí ón tSín, ach amháin i gcás aigéad sulfarach, a chuimsigh 4,7 % d'iomlán allmhairí na tíre ionadaíche. Idir nialas agus 0,3 % a bhí i gceist le scaireanna ábhartha na n-allmhairí le haghaidh gach amhábhair eile agus na seachtháirgí.

(174) Go hiondúil, ní chuirfí san áireamh ach oiread méideanna allmhairí sa tír ionadaíoch ó thíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755. Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh. Mar sin féin, sa chás seo níor taifeadadh aon allmhairí amhábhar ná seachtháirgí ó na tíortha sin sa Téalainn sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(175) Chun praghas neamhshaofa amhábhar, arna seachadadh ag geata mhonarcha an táirgeora onnmhairiúcháin mar a fhoráiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a)den bhun-Rialachán, a shuí, chuir an Coimisiún dleacht allmhairí na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ar na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh na méideanna allmhairithe. Thairis sin, chuir an Coimisiún costais iompair intíre isteach, arna ríomh in aghaidh an kg ar bhonn na tairisceana i gcomhair seachadtaí ó chalafort Laem Chabang go Bangkok, seachadtaí dá bhforáiltear sa tuarascáil ón mBanc Domhanda ([72]).

(2) Lucht saothair

(176) Chun an tagarmharc le haghaidh costais saothair a shuí, bhain an Coimisiún úsáid as staitisticí na hOifige Idirnáisiúnta Saothair i gcomhar le staitisticí náisiúnta na Téalainne atá ar fáil go poiblí agus faisnéis ó KPMG maidir le cánacha agus tobhaigh sa Téalainn ([73]).

(177) Soláthraíodh le staitisticí na hOifige Idirnáisiúnta Saothair sonraí ar an meánlíon uaireanta an chloig oibre iarbhír in aghaidh an duine fhostaithe san earnáil monaraíochta sa Téalainn i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ([74]).

(178) Cé gur soláthraíodh le staitisticí na hOifige Idirnáisiúnta Saothair sonraí ar thuilleamh míosúil fostaithe san earnáil monaraíochta chomh maith, chinn an Coimisiún tagairt do staitisticí ó Oifig Staidrimh Náisiúnta na Téalainne inar soláthraíodh faisnéis ní ba mhionsonraithe ar phá agus ar shochair neamhthuarastail neamhphá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla in aghaidh na ráithe ([75]).

(179) Ar deireadh, bhain an Coimisiún úsáid as faisnéis a sholáthair KPMG chun an cháin slándála sóisialta a d'íoc an fostóir a shuí.

(180) Leis na sonraí sin, ríomh an Coimisiún pá in aghaidh na huaire sa mhonaraíocht, agus cuireadh costais bhreise saothair arna n-íoc ag an bhfostóir leis an bpá sin.

([72]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/t/thailand/THA.pdf lch. 48
([73]) https://home.kpmg/xx/en/home/insights/2011/12/thailand-other-taxes-levies.html
([74]) https://www.ilo.org/shinyapps/bulkexplorer17/?lang=en&segment=indicator&id=HOW_TEMP_SEX_ECO_NB_A
([75]) http://www.nso.go.th/sites/2014en/Pages/Statistical%20Themes/Population-Society/Labour/Labour-Force.aspx (Ráithe 1 go 4, Comhad Excel - Fillteán 1-19 Wk, Tábla 15)

(3) Leictreachas

(181) Chun an tagarmharc don leictreachas a shuí, bhain an Coimisiún úsáid as an luachan maidir le praghas an leictreachais le haghaidh gnólachtaí, agus fiontair tionscail agus stáit atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Leictreachais Cathrach ([76]).

(182) Agus an éagmais comhoibrithe ó na táirgeoirí Síneacha á cur san áireamh, bhí na paraiméadair eile ar fad a raibh gá leo chun meánphraghas tagarmhairc neamhshaofa an leictreachais a ríomh amhail raon voltais, buaicuaireanta/uaireanta seachbhuaice agus éileamh buaicuaireanta, bunaithe ar na sonraí a sholáthair AMTP.

(4) Gás nádúrtha

(183) Chun an tagarmharc le haghaidh an gháis nádúrtha a shuí, bhain an Coimisiún úsáid as an tuarascáil staitisticí ón Oifig um Beartas agus Pleanáil Fuinnimh (Aireacht Fuinnimh) ([77]). Cuimsíodh an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe go léir sa tuarascáil sin, ach soláthraíodh inti figiúirí iomlána do chainníocht agus luach an tomhaltais gáis nádúrtha beag beann ar an gcineál úsáideora (teaghlaigh, tionscal, iompar) agus i ngach foirm. Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún aon fhoinse a shainaithint lena bhféadfaí na figiúirí sin a chúngú don earnáil monaraíochta amháin. I dtuarascáil bhliantúil níos mionsonraithe ón Roinn Forbartha agus Éifeachtúlachta Fuinnimh Mhalartaigh (Aireacht Fuinnimh) ([78]), ní sholáthraítear sonraí tomhaltais ach amháin i dtéarmaí méideanna agus dá bhrí sin ní féidir praghas an gháis nádúrtha a ríomh ar an mbonn sin. Bunaithe ar an tuarascáil dheireanach sin, bhain 44 % den tomhaltas iomlán gáis nádúrtha sa Téalainn i rith na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe leis an earnáil monaraíochta.

(e) ***Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús***

(184) I dtaca leis na tosca táirgeachta a bhfuil achoimre orthu faoi aithris (171) thuas, ríomhadh forchostais mhonaraíochta I bhfianaise na héagmaise comhoibrithe ó tháirgeoirí na Síne, bhí ríomh na bhforchostas monaraíochta sin bunaithe ar an gcóimheas d'fhorchostais mhonaraíochta arna roinnt ar chostas na monaraíochta a thuairiscigh AMTP. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(185) Maidir le costais SGA agus brabús, bhain an Coimisiún úsáid as sonraí airgeadais Pacific Pipe Co., Ltd ([79]). agus Asia Metal Co., Ltd ([80]), táirgeoirí sa Téalainn. Ríomh an Coimisiún a gcéatadán faoi seach de chostais SGA agus de bhrabús i gcomparáid le costas na n-earraí a díoladh ("COGS") le haghaidh gach ceann den dá chuideachta ar dtús. Ansin, suíodh meánchostas SGA agus meánbhrabús sa tír ionadaíoch (ualaithe de réir láimhdeachas na gcuideachtaí). Rinneadh cuntais iniúchta na gcuideachtaí sin a bhí ar fáil go poiblí a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara mar cheangaltán leis an Dara Nóta.

(f) ***Ríomh an ghnáthluacha***

(186) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an bhuntáirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(187) Ar an gcéad dul síos, bhunaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an AMTP ar thomhaltas gach toisce táirgeachta (amhábhair, lucht saothair agus fuinneamh) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Rinneadh na méideanna tomhaltais sin a iolrú faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna bhunú sa Téalainn, faoi mar a thuairiscítear i roinn d) thuas.

(188) Rinneadh an ríomh ar leithligh i gcomhair dhá chineál bhunúsacha WPT, i.e. i gcomhair píopaí dubha/feadán dubh agus píopaí/feadán galbhánaithe. Is píopaí/feadáin ghalbhánaithe iad píopaí/feadáin dhubha ar cuireadh próiseas galbhánaithe orthu ina dhiaidh sin, ina gcuirtear brat since ar an bpíopa nó ar an bhfeadán. Dá bhrí sin, is gá fuinneamh agus saothair a ídiú sa bhreis air sin chun an táirge galbhánaithe a mhonarú chomh maith le húsáid bhreise since agus aigéid shulfaraigh, nach n-ídítear ar chor ar bith i monarú píopaí dubha/feadán dubh.

([76]) http://www.mea.or.th/en/profile/109/114 - úsáideadh taraif thionsclaíoch tráth a úsáide
([77]) http://www.eppo.go.th/index.php/en/en-energystatistics/energy-economy-static tábla 7.2.4
([78]) https://www.dede.go.th/ewt_news.php?nid=42079
([79]) https://www.pacificpipe.co.th/EN/investor.html#financial_information
([80]) https://asiametal.co.th/Investor/index.php?page=fin_data&lang=0

(189) An dara rud, chun teacht ar na costais táirgeachta neamhshaofa, chuir an Coimisiún céatadán na bhforchostas monaraíochta arna gcinneadh mar a thuairiscítear in aithris (184) leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa.

(190) Ar deireadh, i dteannta an chostais táirgeachta arna shuíomh mar a thuairiscítear in aithris (189), chuir an Coimisiún na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús chun feidhme sa tír ionadaíoch arna suíomh mar a mhínítear in aithris (185). Maidir leis na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús arna sloinneadh mar chéatadán de COGS agus arna gcur chun feidhme maidir leis na costais táirgeachta neamhshaofa, b'ionann na costais sin agus an brabús agus 4,3 % agus 3,0 % faoi seach.

(191) Laghdaíodh na gnáthluachanna i gcomhair an dá chineál táirge, arna ríomh mar a thuairiscítear in aithrisí (187) go dtí (190), de réir luachanna neamhshaofa na seachtháirgí, bunaithe ar liosta na seachtháirgí a sholáthair AMTP. Suíodh luachanna neamhshaofa na seachtháirgí trí na cainníochtaí a díoladh sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, mar a thuairiscigh AMTP, a iolrú faoina gcostais neamhshaofa in aghaidh an aonaid arna suíomh sa Téalainn, mar a thuairiscítear i roinn d) thuas. Ní dhearnadh an coigeartú i gcomhair seachtháirgí áirithe (luaith shince, sinc chrua) ach amháin maidir leis an ngnáthluach arna shuíomh i gcomhair táirgí galbhánaithe toisc go bhfaightear na seachtháirgí sin sa phróiseas galbhánaithe.

(192) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mar gheall nár chomhoibrigh aon duine de na táirgeoirí onnmhairiúcháin, suíodh an gnáthluach ar bhonn lenar áiríodh an tír ar fad.

3.2.2.3. An praghas onnmhairí

(193) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cinneadh an praghas onnmhairí bunaithe ar shonraí CAL Eurostat arna gceartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh. Dá bhrí sin, is de réir na gcostas last-táille mara agus árachais ([81]) agus an chostais iompair intíre sa tSín ([82]) a laghdaíodh an praghas onnmhairí CAL. Suíodh praghas onnmhairí ar leithligh le haghaidh táirgí dubha agus táirgí galbhánaithe.

3.2.2.4. Comparáid agus corrlach dumpála

(194) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa arna shuíomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid, in aghaidh chineál an táirge, leis an bpraghas onnmhairí mar a shuitear thuas.

(195) I gcomhair táirgí áirithe, cuireann Daon-Phoblacht na Síne beartas chun feidhme gan ach cuid de CBL a aisíoc ar onnmhairiú an táirge. Chun a áirithiú go sloinnfear an gnáthluach ar an leibhéal céanna cánachais agus a shloinntear an praghas onnmhairí, déantar an gnáthluach a choigeartú aníos de ghnáth de réir na coda sin de CBL a ghearrtar ar onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú nár aisíocadh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Tugadh le fios le sonraí staitisticí ó shuíomh idirlín riaracháin cánach agus custaim na Síne agus le sonraí Transcustoms ([83]) gur aisíocadh an CBL a gearradh ar onnmhairí WPT go hiomlán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Dá bhrí sin, níor cuireadh aon choigeartú CBL chun feidhme.

(196) Ar an mbonn sin, fuarthas amach go raibh an meánchorrlach dumpála ualaithe, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas ag an teorainn ó thaobh chostas, árachas agus last-táille (CAL) an Aontais de, agus an dleacht neamhíoctha, diúltach.

3.2.2.5. Conclúid

(197) Mheas an Coimisiún sa deireadh nár dumpáladh onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Bhí méid na n-allmhairí a bhí i gceist an-teoranta, áfach, arb é 0,2 % d'allmhairí an Aontais Eorpaigh san iomlán é agus scair 0,1 % de mhargadh an Aontais, agus measadh nárbh ionadaíoch iad na praghsanna mar gheall air sin. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú freisin ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil.

([81]) Ar bhonn Thacar Sonraí ECFE: Costais Iompair agus Árachais Idirnáisiúnta na Trádála Marsantais (ITIC) – an tSín – an Ísiltír. https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC

([82]) Ar bhonn na dtairiscintí i gcomhair seachadtaí ó chalafort Tianjin go Béising, seachadtaí dá bhforáiltear leis an mBanc Domhanda https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf lch. 88

([83]) http://www.transcustoms.cn/index.asp

3.2.3. *An dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.*

(198) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas amach nárbh ann don dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: arbh ann don onnmhairiú dumpáilte chuig tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, infhaighteacht margaí eile agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.2.3.1. Onnmhairí chuig tríú tíortha

(199) Bunaithe ar staitisticí allmhairí GTA, shainaithin an Coimisiún na cúig allmhaireoir WPT ba mhó ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe: na hOileáin Fhilipíneacha, Hong Cong, Peiriú, an Indinéis agus Singeapór ([84]). Chinn an Coimisiún Hong Cong a fhágáil amach as a anailís toisc gur sainaithníodh neamhréireachtaí móra sna méideanna trádála a tuairiscíodh idir Daon-Phoblacht na Síne agus Hong Cong nuair a bhí tuarascálacha allmhairí agus onnmhairí GTA faoi seach á gcur i gcomparáid agus toisc nach cosúil gurb é Hong Cong an ceann scríbe críochnaitheach i gcomhair onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín. Maidir le honnmhairí WPT na Síne chuig na ceithre mhargadh atá fágtha, rinneadh na ríomhanna dumpála agus an mhodheolaíocht a thuairiscítear thíos á leanúint.

(a) ***Gnáthluach***

(200) Chun dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig tríú tíortha a mheasúnú, d'úsáid an Coimisiún an gnáthluach céanna agus a úsáidtear i leith ríomh dumpála a bhaineann le margadh an Aontais, arna ríomh mar a thuairiscítear in aithrisí (168) go dtí (192).

(b) ***An praghas onnmhairí***

(201) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne, measadh an praghas onnmhairí ba dhócha a bheadh ar tháirge onnmhairithe chuig an Aontas trí anailís a dhéanamh ar phraghsanna onnmhairí reatha na Síne chuig tríú tíortha, bunaithe ar staitisticí allmhairí ábhartha GTA a bhaineann le tíortha go sonrach.

(202) Thuairiscigh na ceithre thír ar fad lena mbaineann a luach allmhairí ar leibhéal CAL. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún na praghsanna a tuairiscíodh chun an praghas onnmhairí a ríomh ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha trí na costais last-táille mara agus árachais ([85]) agus an costas iompair intíre sa tSín ([86]) a asbhaint.

(203) I gcás Pheiriú, níor soláthraíodh na costais last-táille mara agus árachais i gcomhair seachadtaí ó Dhaon-Phoblacht na Síne san fhoinse thuas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún tairiscint a úsáid i gcomhair seachadtaí ó Dhaon-Phoblacht na Síne – an tSile a bhí ar fáil ó bhfoinse chéanna.

(c) ***Comparáid agus Corrlaigh dhumpála***

(204) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach ríofa agus na praghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais dhírigh. I gcás inarbh fhéidir ([87]), rinneadh an chomparáid in aghaidh chineál an táirge (dubh/galbhánaithe) agus suíodh meánmhéid dumpála ualaithe.

(205) Léiríodh sa chomparáid thuas corrlach dumpála ar fud na tíre le haghaidh onnmhairí na Síne chuig na ceithre thír, arna shloinneadh mar chéatadán dá luach CAL faoi seach mar a leanas:

([84]) Liostaítear tíortha de réir mhéideanna na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

([85]) Ar bhonn Thacar Sonraí ECFE: Costais Iompair agus Árachais Idirnáisiúnta na Trádála Marsantais (ITIC) – an tSín – tír atá i gceist. https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC

([86]) Ar bhonn na dtairiscintí i gcomhair seachadtaí ó chalafort Tianjin go Béising, seachadtaí dá bhforáiltear leis an mBanc Domhanda https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf lch. 88

([87]) I gcás Pheiriú, ní cheadaítear le cóid chustaim na dtíortha idirdhealú a dhéanamh idir na táirgí dubha agus na táirgí galbhánaithe. Dá bhrí sin, áiríodh na píopaí/feadáin ar fad atá faoi athbhreithniú mar aon chineál táirge amháin sa ríomh.

Tír	% d'allmhairí iomlána "domhanda" an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne	Corrlach dumpála (%)
Na hOileáin Fhilipíneacha	19,3	71,7
Peiriú	5,3	25,6
An Indinéis	4,4	21,4
Singeapór	4,2	18,9

3.2.3.2. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne

(206) Mar gheall ar neamh-chomhoibriú Rialtas na Síne agus tháirgeoirí na Síne, suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil agus go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir agus Huajing Industry Research Institute ([88]) ("HIRI"), i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(207) De réir an dá fhoinse sin, sáraíonn an acmhainneacht táirgeachta i nDaon-Phoblacht na Síne na méideanna táirgeachta reatha agus an t-éileamh inmheánach reatha ar mhargadh na Síne go substaintiúil. Baineann na figiúirí a sholáthraítear in aithrisí (208) agus (209) thíos le táirgeacht iomlán na bpíopaí táite agus na bhfeadán táite d'iarann agus de chruach. Mheas an t-iarratasóir gur "píopaí beaga agus feadáin bheaga" thart faoi 80 % den táirgeacht sin, ar trastomhas forimeallach is ionann agus 406,4 mm é nó nach lú ná sin é, a chomhfhreagraíonn don táirge faoi athbhreithniú. Deimhníodh an meastachán sin le tuarascáil ó HIRI. Cé nach soláthraítear aon fhigiúirí beachta, tugtar le fios sa tuarascáil "*gur táirgí ar trastomhas beag iad a bhfuil ballaí tiubha orthu formhór na bpíopaí táite arna dtáirgeadh ag tionscal na bpíopaí táite sa tSín*". Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh ionadaíoch i gcomhair an táirge faoi athbhreithniú í an neamhréireacht idir an acmhainneacht táirgeachta agus an táirgeacht iarbhír agus an t-éileamh iarbhír ar mhargadh na Síne mar a léirítear thíos.

(208) De réir na sonraí a sholáthraítear san iarraidh, agus a tugadh cothrom le dáta dá éis sin le linn an imscrúdaithe, b'ionann táirgeacht na bpíopaí táite agus na bhfeadán táite laistigh de Dhaon-Phoblacht na Síne agus 60 milliún tona sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Soláthraítear figiúr 56 milliún tona i dtuarascáil HIRI, atá beagán níos ísle ná sin. Thairis sin, tugtar le fios sa tuarascáil dheireanach sin go sáraíonn an méid táirgeachta sin, fiú gan acmhainneacht bhreise a chur san áireamh, an t-éileamh inmheánach i nDaon-Phoblacht na Síne cheana féin, éileamh a mheastar gurb ionann é agus 52,4 milliún tona.

(209) De réir an iarratasóra, thart ar 10 milliún tona atá i gceist le hacmhainneacht táirgeachta bhreise an táirge faoi athbhreithniú i nDaon-Phoblacht na Síne. Ní sholáthraítear aon sonraí acmhainneachta iarbhír sa tuarascáil ó HIRI. Cuirtear i dtábhacht go soiléir leis sin áfach gurb ann do rótháirgeacht de phíopaí táite i nDaon-Phoblacht na Síne agus gurb ann do ró-acmhainneacht thromchúiseach. Luaitear sa tuarascáil i measc nithe eile "…*leis an bhforbairt atá déanta ar thionscal na Síne go tapa, cé go ndeachaigh éileamh na Síne ar phíopaí táite i méid go suntasach, tá ráta fáis a n-éilimh fós réasúnta íseal, níos ísle ná ráta aschuir na bpíopaí táite. Is é sin ba chúis le staid reatha na ró-acmhainneachta de phíopaí táite. Níl sé fabhrach do fhorbairt thionscal na bpíopaí táite. Ina theannta sin, is é ceann amháin de na cúiseanna leis an ró-acmhainneacht go bhfuil ceanglais níos airde ag roinnt tionscal intíre le haghaidh píopaí táite, lena n-áirítear ceanglais maidir le cáilíocht, trastomhais agus ballaí píopaí. Ní féidir le píopaí táite na Síne freastal ar riachtanais na dtionscal sin agus is gá iad a cheannach ó thiortha eachtracha. Is é an staid reatha ina bhfuil laghdú ar an éileamh a thoradh sin, rud a d'fhág gur measa fós an ró-acmhainneacht intíre*" ([89]).

(210) Bunaithe ar a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a d'fhéadfaidís a úsáid chun WPT a tháirgeadh chun a onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

([88]) https://m.huaon.com/detail/407989.html; https://m.huaon.com/detail/617918.html

([89]) Anailís ar thionscal na bpíopaí cruach táite sa tSín in 2018, Huajing Information Network, arna foilsiú an 5.3.2019 https://m.huaon.com/detail/407989.html

3.2.3.3. Infhaighteacht margaí eile

(211) Tá raon leathan beart cosanta trádála agus srianta allmhairí eile i bhfeidhm in aghaidh onnmhairí WPT ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad. De réir Global Trade Alert ([90]), cuirtear bearta den sórt sin chun feidhme san Astráil (dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh), i gCeanada (dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh), sa Cholóim (bearta frithdhumpála), Meicsiceo (bearta frithdhumpála), sa Phacastáin (cosc allmhairí), sa Téalainn (bearta frithdhumpála), sa Tuirc (coimirce) agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá (bearta frithdhumpála agus bearta faoi roinn 232). Ní hamháin go gcuirtear teorainn leis na bearta sin ar rochtain tháirgeoirí na Síne ar na margaí a liostaítear thuas ach deimhnítear leo cleachtais trádála éagothroma leanúnacha tháirgeoirí WPT na Síne.

(212) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún sa deireadh, dá n-aisghairfí na bearta reatha, gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairiú a athdhíriú ar an Aontas ar phraghsanna dumpáilte.

3.2.3.4. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(213) De réir shonraí GTA, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna a bhí idir 8 % agus 21 % ní b'ísle i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Agus an leibhéal praghsanna sin á gcur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Síne ná onnmhairiú chuig gach tír eile, nach mór.

(214) Tá margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí na Síne freisin i bhfianaise a mhéide, le tomhaltas iomlán de bhreis is 540 000 tona.

3.2.3.5. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtosófar arís ar dhumpáil

(215) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh, beag beann ar cibé acu arbh ann don dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe nó nárbh ann, gur dócha go dtosófaí arís ar dhumpáil tháirgí na Síne i dtreo an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

3.2.4. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtosófar arís uirthi*

(216) Cé nár léiríodh leis an imscrúdú gur lean allmhairí na Síne de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, ní fhágann sé sin gur féidir a mheas nach dtosódh cleachtais phraghsála éagothroma tháirgeoirí WPT na Síne arís dá rachadh na bearta in éag.

(217) Go deimhin, bhí cleachtais dumpála leanúnacha i gceist le honnmhairí de chuid na Síne chuig na príomh-thríú tíortha ar dhírigh táirgeoirí WPT na Síne orthu. Agus méideanna substaintiúla na n-onnmhairí chuig na tíortha sin á gcur san áireamh (ó 20 000 go dtí 93 000 tona i gcomparáid le méid bheag de 559 tona a onnmhairítear chuig an Aontas), meastar go bhfuil praghsanna na n-onnmhairí sin níos ionadaíche chun cleachtais dumpála féideartha a shuíomh. Deimhnítear cleachtais phraghsála éagothroma leanúnacha freisin leis na bearta cosanta trádála éagsúla atá i bhfeidhm in aghaidh onnmhairí WPT na Síne i dtíortha eile.

(218) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar fhianaise eile gur dhócha go dtosófaí arís ar dhumpáil dá rachadh na bearta in éag.

(219) Tá an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne an-suntasach agus tá breis is a dheich oiread de thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe i gceist leis an acmhainneacht sin. Thairis sin fiú, tugadh le fios le tuarascáil ó HIRI nár méadaíodh acmhainneacht táirgeachta na Síne de phíopaí táite agus de fheadáin tháite faoi 10 milliún tona ach i gcaitheamh na mblianta 2018-2019 agus go bhfuiltear ag súil le méadú eile fós.

(220) Ar deireadh, léirítear le tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna, agus ós rud é go bhfuil margaí eile fós dúnta mar gheall ar bhearta cosanta, gur dhócha go ndéanfaí onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Síne a (ath)dhíriú ar an Aontas, dá ligfí do na bearta dul in éag.

([90]) https://www.globaltradealert.org/
https://www.globaltradealert.org/data_extraction
https://www.globaltradealert.org/latest/state-acts

(221) Dá dheasca sin, mheas an Coimisiún sa deireadh gur dhócha go dtosófaí arís ar dhumpáil, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

3.3. **An Rúis**

3.3.1. *Réamhbharúlacha*

(222) Le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, leanadh d'allmhairiú an táirge faoi athbhreithniú ón Rúis, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal cuid mhaith ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdaithe an chéad imscrúdaithe (i. e. ó mhí Iúil 2006 go dtí mí an Mheithimh 2007). De réir staitisticí Comext (Eurostat), bhí níos lú ná 2 000 tona i gceist le hallmhairí WPT ón Rúis sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, i gcomparáid le níos mó ná 36 000 tona le linn na chéad tréimhse imscrúdaithe (ó mhí Iúil 2006 go dtí mí an Mheithimh 2007). Sonraíodh leibhéal allmhairí chomh híseal céanna san athbhreithniú éaga roimhe seo. Bhí thart ar 0,4 % de mhargadh an Aontais i gceist le hallmhairí WPT ón Rúis sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, i gcomparáid le scair 2,7 % den mhargadh sa chéad tréimhse imscrúdaithe agus 0,7 % le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a bhain leis an athbhreithniú éaga roimhe.

(223) Tháinig beirt táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise, PAO Severstal agus TMK, chun tosaigh ag tionscnamh an imscrúdaithe agus chuir in iúl go raibh siad toilteanach comhoibriú. Chuir Grúpa TMK in iúl don Choimisiún níos déanaí, áfach, nach raibh sé i gceist acu ceistneoir na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a fhreagairt.

(224) Thairis sin, le linn na cros-seiceála cianda ar an bhfaisnéis a sholáthair PAO Severstal, a tharla ó 11 go dtí 13 Samhain 2020, shainaithin an Coimisiún easnaimh shubstaintiúla thromchúiseacha i dtuairisciú dhíolacháin intíre an táirge faoi athbhreithniú. Chuir na heasnaimh sin bac suntasach ar ghnáthphróiseas an imscrúdaithe i gcomhair na roinne sin den fhreagra ar an gceistneoir. Go háirithe, sholáthair PAO Severstal faisnéis mhícheart maidir le líon na n-idirbheart a tuairiscíodh, cainníocht na ndíolachán iomlán, luach iomlán na ndíolachán agus na liúntais a tuairiscíodh i gcomhair dhíolacháin intíre an táirge faoi athbhreithniú le custaiméirí neamhghaolmhara.

(225) Amach san iarnóin an 13 Samhain, sholáthair an chuideachta leagan de dhíolacháin intíre a tugadh cothrom le dáta. Mar gheall ar easnamh ama, áfach, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an leagan athbhreithnithe sin a chros-seiceáil agus a réiteach leis an bhfaisnéis eile a soláthraíodh.

(226) Thairis sin, leithdháileadh an brabús a tuairiscíodh don táirge faoi athbhreithniú agus chuig sreafaí díola éagsúla an táirge faoi athbhreithniú go comhréireach bunaithe ar an láimhdeachas. Níorbh inghlactha sin, toisc go dtéann an costas monaraíochta, a bhíonn difriúil idir táirgí agus cineálacha táirgí, i bhfeidhm ar an mbrabús go díreach. Thairis sin, mar gheall go ndearna na hearráidí a luaitear thuas in aithris (224) difear do láimhdeachas tuairiscithe an táirge faoi athbhreithniú freisin, ba cheart athbhreithniú a bheith déanta ar fhigiúirí an bhrabúis freisin bunaithe ar thoradh na hanailíse ar na díolacháin intíre.

(227) Mheas an Coimisiún gur chuir na heasnaimh shubstaintiúla thromchúiseacha sin bac suntasach ar ghnáthphróiseas an imscrúdaithe, i gcomhair na roinne sin den cheistneoir. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do PAO Severstal go raibh faoi fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, sa mhéid a bhaineann leis na díolacháin intíre agus ríomh an ghnáthluacha.

(228) Toisc nár chomhoibrigh aon táirgeoir eile a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú sa Rúis ná nár sholáthair freagra ar an gceistneoir, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Chónaidhm na Rúise go raibh faoi fíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán sa mhéid a bhaineann sé le ríomh an ghnáthluacha agus go mbunódh an Coimisiún a thorthaí, faoin dumpáil agus faoin dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus/nó go dtosófar arís uirthi, i leith na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa Rúis, ar fhíorais atá ar fáil.

(229) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(230) Dá dheasca sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, agus rinneadh an gnáthluach go háirithe a ríomh tríd an bhfaisnéis a úsáid a sholáthair PAO Severstal a rinneadh a chros-seiceáil agus a fuarthas amach a bheith tuairiscithe i gceart.

3.3.2. *Leanúint de dhumpáil allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe*

3.3.2.1. Gnáthluach

(231) Mar a luaitear in aithris (230) thuas, thug an neamh-chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis ar an gCoimisiún fíorais atá ar fáil a úsáid chun an gnáthluach a shuíomh. Chun na críche sin, úsáideadh an fhaisnéis a thíolaic an táirgeoir páirt-chomhoibritheach ón Rúis.

(232) I gcomhréir le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán, rinneadh an gnáthluach a ríomh tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ualaithe in aghaidh an PCN a bhain le táirge comhchosúil an táirgeora onnmhairiúcháin páirt-chomhoibritheach le linn na tréimhse imscrúdaithe:

— na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ("DGR") ualaithe a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe; agus

— an meánbhrabús ualaithe a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(233) In éagmais aon bhrabúis eile a bhí iontaofa agus fíoraithe, d'úsáid an Coimisiún an brabús a d'fhógair an chuideachta, fiú i gcás ina bhfuarthas amach gur leithdháileadh go mícheart é, mar a mhínítear in aithris (226) thuas. Comhfhreagraíonn an corrlach brabúis a úsáidtear do bhrabús iomlán na cuideachta (i gcomhair gach táirge) mar a thuairiscítear sna cuntais iniúchta, agus measadh gurbh é sin an tagarmharc ab iontaofa dá bhrí sin. Thairis sin, ba ghá go mbeadh an brabús ceart ní b'airde ná an brabús a d'fhógair an chuideachta. Sa chás i dtrácht, mar gheall go raibh an corrlach dumpála, mar a mhínítear in aithris (238) thíos, chomh hard cheana féin sa mhéid gur deimhníodh gurbh ann don dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, ní ábhartha méadú ar an gcorrlach dumpála de thoradh an choigeartaithe sin maidir le toradh an athbhreithnithe seo, dá bhrí sin.

(234) Rinneadh an costas táirgeachta a choigeartú, cibé cás ina bhfuarthas amach gur ghá amhlaidh a dhéanamh.

3.3.2.2. An praghas onnmhairí

(235) Mar gheall ar an neamh-chomhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, bhí ar an gCoimisiún fíorais atá ar fáil a úsáid chun an praghas onnmhairí a shuíomh. Níorbh fhéidir faisnéis ó aon táirgeoir páirt-chomhoibritheach amháin de chuid na Rúise a úsáid toisc nár onnmhairigh an táirgeoir sin an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(236) Dá réir sin, cinneadh an praghas onnmhairí bunaithe ar shonraí CAL Eurostat arna gceartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh. Dá bhrí sin, is de réir na gcostas last-táille mara agus árachais ([91]) agus an chostais iompair intíre sa Rúis ([92]) a laghdaíodh an praghas onnmhairí CAL.

3.3.2.3. Comparáid

(237) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus staitisticí onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar bhonn an phraghais dhírigh.

(238) Léiríodh sa chomparáid thuas corrlach dumpála ar fud na tíre le haghaidh onnmhairí na Rúise chuig an Aontas, arna shloinneadh mar chéatadán de luach CAL 12,4 %. Measadh dá bhrí sin sa deireadh gur leanadh den dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

3.3.2.4. Conclúid

(239) Mheas an Coimisiún sa deireadh gur leanadh den dumpáil ón Rúis le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Toisc go raibh méid na n-allmhairí a bhí i gceist an-teoranta, áfach, agus gurbh ionann iad agus 0,7 % d'allmhairí an Aontais san iomlán agus scair 0,4 % de mhargadh an Aontais, rinne an Coimisiún imscrúdú freisin ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil.

([91]) Ar bhonn Thacar Sonraí ECFE: Costais Iompair agus Árachais Idirnáisiúnta na Trádála Marsantais (ITIC) – an Rúis – an Laitvia. https://stats.oecd.org/Index.aspx?DataSetCode=CIF_FOB_ITIC#

([92]) Ar bhonn na dtairiscintí i gcomhair seachadtaí ó Mhoscó – Cathair Pheadair dá bhforáiltear leis an mBanc Domhanda: https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/r/russia/RUS.pdf lch. 85

(240) Tar éis an nochta d'áitigh údaráis Chónaidhm na Rúise nach féidir an dóchúlacht a shuíomh go dearfa go leanfadh onnmhaireoirí Rúiseacha den dumpáil ós rud é go raibh cinneadh na dumpála a rinneadh san athbhreithniú éaga roimhe seo agus san imscrúdú bunaidh araon ar neamhréir le rialacha EDT.

(241) Ina mbarúlacha, mhaígh údaráis na Rúise go bhfuil an coigeartú ar chostas an gháis nádúrtha, a chuir an Coimisiún i bhfeidhm san athbhreithniú éaga roimhe seo agus san imscrúdú bunaidh, ar neamhréir le hAirteagail 2.2.1.1, 2.2.1 agus Airteagal 2.2 ADA agus leis na torthaí a fuarthas sna cásanna seo a leanas de chuid EDT: An tAontas – Bithdhíosal (an Airgintín), an Úcráin – Níotráit Amóiniam agus an tAontas – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas. Déanann na páirtithe seo tagairt shonrach do thorthaí sa tuarascáil réamhluaite a eisíodh an 24 Iúil 2020 ([93]) ("Tuarascáil DS494"), is é sin nárbh fhoras leordhóthanach é an idirghabháil rialtais/saobhadh margaidh a cuireadh i leith Rialtas na Rúise chun conclúid a dhéanamh nach léiriú réasúnta a bhí i dtaifid na dtairgeoirí onnmhairiúcháin ar na costais a bhaineann le táirgeacht agus díol an táirgthe lena mbaineann.

(242) Níor mhór an bharúil sin a dhiúltú ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, tá torthaí Thuarascáil DS494 faoi réir imeachtaí achomhairc agus dá bhrí sin, níl torthaí an phainéil críochnaitheach go fóill. Ar an dara dul síos, mar a leagtar amach in aithris (232), san imscrúdú seo bhunaigh an Coimisiún an gnáthluach ag baint úsáide as costas táirgthe an táirge chomhchosúil faoi mar a thuairiscigh táirgeoir onnmhairiúcháin Rúiseach páirt-chomhoibritheach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithnithe, gan aon choigeartú costais a chur i bhfeidhm.

3.3.3. *An dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil dá ndéanfaí bearta a aisghairm*

(243) Rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go dtosófaí arís ar dhumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: arbh ann don onnmhairiú dumpáilte chuig tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.3.3.1. Onnmhairí chuig tríú tíortha

(a) ***Gnáthluach***

(244) Rinneadh an gnáthluach a ríomh mar a mhínítear thuas in aithris (232).

(b) ***An praghas onnmhairí***

(245) Suíodh an praghas onnmhairí ar bhonn praghsanna díola tháirgeoir páirt-chomhoibritheach na Rúise chuig tríú tíortha eile.

(c) ***Comparáid agus Corrlach dumpála***

(246) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach ríofa agus na meánphraghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais dhírigh. Rinneadh an chomparáid in aghaidh chineál an táirge agus suíodh meánmhéid dumpála ualaithe.

(247) Léiríodh sa chomparáid thuas corrlach dumpála ar fud na tíre i gcomhair onnmhairí na Rúise chuig tríú tíortha, arna shloinneadh mar chéatadán de luach CAL 4,3 %.

3.3.3.2. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Rúis

(248) Mar gheall nach bhfuarthas ach comhoibriú teoranta ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil agus go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir agus an t-aon táirgeoir amháin sa Rúis a chomhoibrigh le páirt den imscrúdú.

([93]) An tAontas Eorpach – Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas agus Bearta Fiithdhumpála Áirithe maidir le hallmhairí ón Rúis, Tuarascáil ón bPainéal an 24 Iúil 2020, WT/DS494/R.

(249) De réir na faisnéise arna foilsiú in Metal Expert a sholáthair an t-iarratasóir, tá acmhainneacht táirgeachta iomlán an táirge faoi athbhreithniú sa Rúis os cionn 8 milliún tona. Mheas an t-iarratasóir go bhfuil acmhainneacht bhreise de thart ar 1 mhilliún tona ag na táirgeoirí Rúiseacha nach féidir leis an margadh intíre a ghlacadh. Thairis sin, tá 11 tháirgeoir ann ar a laghad a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú sa Rúis agus ag an aon táirgeoir comhoibritheach amháin, tá acmhainneacht táirgeachta ainmniúil aige is mó ná tomhaltas iomlán an Aontais.

(250) Bunaithe ar a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, a d'fhéadfaidís a úsáid chun WPT a tháirgeadh le honnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

3.3.3.3. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(251) Nochtadh leis an imscrúdú gur onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis chuig a phríomh-thríú margaí ar phraghsanna a bhí thart ar 29 % ní b'ísle agus iad i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Agus an leibhéal praghsanna sin á gcur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Rúise ná onnmhairiú chuig gach tír eile, nach mór.

(252) Tá margadh an Aontais tarraingteach freisin i bhfianaise a ghiorrachta geografaí agus a mhéide, le tomhaltas iomlán 541 000 tona.

(253) Tar éis an nochta, chuir údaráis na Rúise i gcoinne thuairim an Choimisiúin maidir le tarraingteacht mhargadh an Aontais d'onnmhaireoirí na Rúise. Is é tuairim an Choimisiúin go ndíríonn táirgeoirí na Rúise níos mó ar an margadh inmheánach atá ag fás agus ar a bpríomh-mhargaí onnmhairí, na tíortha CIS ([94]), atá tarraingteach mar gheall ar éagmais dleachtanna ar allmhairí.

(254) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar an gcéad dul síos, mar a mhínítear in aithrisí (238) agus (251), tá praghsanna díolacháin ar mhargadh an Aontais i bhfad níos tarraingtí do tháirgeoirí na Rúise ná na praghsanna intíre agus onnmhairí chuig tríú tíortha eile. Ar an dara dul síos, mar a chomhaontaigh údaráis na Rúise iad féin, méadaítear tarraingteacht an mhargaidh onnmhairí mar gheall ar éagmais dleachtanna, agus dá bhrí sin, beidh dreasacht láidir ag táirgeoirí na Rúise a n-onnmhairiú a atreorú chuig margadh an Aontais i gcás ina ndéanfaí an beart aisghairm.

3.3.3.4. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtosófaí arís uirthi

(255) Léiríodh leis an imscrúdú gur lean onnmhairí na Rúise de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(256) Thairis sin, cruthaíodh leis an imscrúdú gurbh ann do chleachtais dumpála freisin maidir le honnmhairí na Rúise chuig a bpríomh-mhargaí tríú tíre.

(257) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar fhianaise eile gur dhócha go dtosófaí arís ar dhumpáil dá rachadh na bearta in éag.

(258) Tá an acmhainneacht bhreise sa Rúis an-suntasach agus is mó í ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Ina theannta sin, de réir na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir, tháinig méadú 1 mhilliún tona nach mór ar acmhainneacht táirgeachta WPT na Rúise idir 2018 agus 2019.

(259) Chuir údaráis na Rúise i gcoinne an mheastacháin ar an acmhainneacht bhreise sa Rúis faoi mar a chuir an t-iarratasóir ar fáil é mar is é an tuairim a bhí aige nár chuir an Coimisiún san áireamh na fíricí go bhfuil roinnt gléasraí in ann táirgí seachas an táirge lena mbaineann a tháirgeadh, agus is amhlaidh a úsáidtear iad, rud a laghdaíonn an acmhainneacht bhreise go suntasach.

(260) Maidir leis sin, chuir an Coimisiún san áireamh na táirgí eile is féidir a tháirgeadh ar an líne chéanna tháirgthe. Dearbhaítear, áfach, go bhfuil acmhainneacht ainmniúil iomlán an táirge lena mbaineann, sa Rúis, ar na leibhéil atá measta thuas in aithris (258). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i bhfianaise tharraingteacht mhargadh an Aontais, gur dócha go n-athródh táirgeoirí na Rúise meascán na dtáirgí acu, rud a chuirfeadh lena n-acmhainneacht táirgeachta le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú, i gcás ina gceadófaí do na bearta in éag.

([94]) An Asarbaiseáin, an Airméin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Poblacht na Cirgise, an Mholdóiv, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin, an Úisbéiceastáin agus an Úcráin.

(261) Ar deireadh, díríonn tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna mar a léirítear thuas, ar an dóchúlacht go ndéanfaí onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Rúise a (ath)dhíriú ar an Aontas, dá ligfí do na bearta dul in éag.

(262) Dá dheasca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go dtosófaí ar dhumpáil arís, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(263) Rinne 12 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse a measadh agus rinne 11 tháirgeoir san Aontas amhlaidh le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Is ionann na táirgeoirí sin agus an "tionscal de chuid an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(264) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ag thart ar 291 704 milliún tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, amhail sonraí a sholáthair an t-iarratasóir ([95]). Mar a léirítear in aithris (15), roghnaíodh trí tháirgeoir ón Aontas sa sampla is ionann agus thart ar 40 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(265) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéideanna díola tháirgeacht thionscal an Aontais féin a bhí le dul chuig margadh an Aontais agus ar shonraí na méideanna allmhairí ar mhargadh an Aontais a fuarthas ó staitisticí Eurostat.

(266) Rinneadh tomhaltas an Aontais a fhorbairt mar a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí) ([96])

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	499 998	505 443	577 397	541 409
Innéacs	*100*	*101*	*115*	*108*

Foinse: Eurostat

(267) Le linn na tréimhse a measadh, tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais. Tháinig méadú 15 phointe céatadáin air in 2018 sular tháinig laghdú 7 bpointe céatadáin air sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe i gcomparáid le 2018. Ar an iomlán, tháinig méadú 8 % idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar thomhaltas an Aontais.

4.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.3.1. *Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a scair den mhargadh*

(268) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar bhonn staitisticí Eurostat. Bunaíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí de réir thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris (266).

(269) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar a scair den mhargadh:

([95]) Tá an méid táirgeachta bunaithe ar shonraí ó 27 mBallstát an Aontais toisc gur scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirt den Aontas Eorpach amhail ón 1 Feabhra 2020 agus gur tháinig deireadh an 31 Nollaig 2020 leis an idirthréimhse i gcomhair na Ríochta Aontaithe chun tarraingt amach as an Aontas.

([96]) Tá an tomhaltas bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh ([97])

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón Rúis (tonaí)	1 235	883	1 732	1 912
Innéacs	*100*	*72*	*140*	*155*
Scair den mhargadh ag allmhairí ón Rúis (%)	0,25	0,17	0,30	0,35
Innéacs	*100*	*71*	*121*	*143*
Méid na n-allmhairí ón mBealarúis	18	0	0	4
Innéacs	*100*	*0*	*0*	*19*
Scair den mhargadh ag allmhairí ón mBealarúis	0 %	0 %	0 %	0 %
Innéacs	*100*	*0*	*0*	*18*
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne	478	589	424	559
Innéacs	*100*	*123*	*89*	*117*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (%)	0,10	0,12	0,07	0,10
Innéacs	*100*	*122*	*77*	*108*
Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	1 731	1 472	2 156	2 475
Innéacs	*100*	*85*	*125*	*143*
Scair den mhargadh ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (%)	0,35	0,29	0,37	0,45
Innéacs	*100*	*84*	*108*	*132*

Foinse: Eurostat

(270) D'fhan allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann íseal le linn na tréimhse a measadh agus na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Cé go ndeachaigh allmhairí ón Rúis agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne i méid idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, d'fhan an scair den mhargadh ag an dá thír sin an-íseal (faoi bhun 1 %), agus bhí an scair den mhargadh ag allmhairí ón mBealarúis faoi bhun 0,0033 % le linn na tréimhse a measadh.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

4.3.2.1. Praghsanna

(271) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat.

(272) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann:

([97]) Tá méid na n-allmhairí bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

Tábla 4

Praghsanna allmhairí (EUR/tona) ([98])

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Praghsanna allmhairí ón Rúis	410,52	499,74	475,80	540,37
Innéacs	*100*	*122*	*116*	*132*
Praghsanna allmhairí ón mBealarúis	101,65	0	0	531,43
Innéacs	*100*	*0*	*0*	*523*
Praghsanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne	1 429,16	2 562,52	1 954,28	1 515,58
Innéacs	*100*	*179*	*137*	*106*

Foinse: Eurostat

(273) Maidir le hallmhairí ón Rúis, tugadh méadú faoi deara ar mheánphraghas an aonaid idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tá an fhorbairt sin ar phraghsanna comhsheasmhach le forbairt fhoriomlán phraghas an táirge faoi athbhreithniú (féach freisin Táblaí 5 agus 9 thíos).

(274) I bhfianaise mhéid an-íseal na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón mBealarúis, níorbh fhéidir anailís fhóinteach a dhéanamh ar phraghsanna na n-allmhairí sin.

4.3.2.2. Sladghearradh praghsanna

(275) Toisc nach raibh aon chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, agus i bhfianaise na gcainníochtaí an-íseal arna n-allmhairiú san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne, níorbh fhéidir aon phraghsanna allmhairí iontaofa a shuíomh le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Sna himthosca sin, chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais a bhí á dhéanamh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge (WPT dubh nó WPT galbhánaithe) na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil, a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú do leibhéal an phraghais dhírigh; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe in aghaidh chineál táirge an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne agus arna dhíol leis an gcuid eile den domhan, arna suíomh ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin. In éagmais aon fhaisnéise eile, measadh gur 1 % den luach CAL iad na costais sin ([99]).

(276) Chomh fada agus a bhaineann le hallmhairí ón Rúis, measadh gur leordhóthanach méid na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe chun léiriú cothrom a thabhairt ar iompraíocht maidir le praghsanna amach anseo dá ligfí do na bearta dul in éag. I bhfianaise na héagmaise é comhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis mar a mhínítear in aithris (235), d'úsáid an Coimisiún sonraí CAL de chuid Eurostat chun an praghas allmhairí a chinneadh. Níor tháirg an táirgeoir onnmhairiúcháin páirt-chomhoibritheach sa Rúis ach WPT dubh agus is é WPT dubh amháin a bhíonn i gceist leis na honnmhairí ar fad nach mór chuig an Aontas in Eurostat. Dá bhrí sin, is i gcomhair an WPT dubh amháin a rinneadh an chomparáid. Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais a rinne allmhairí ón Rúis le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) meánphraghsanna díola ualaithe WPT dubh de chuid na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil, a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh; agus

([98]) Tá méid na n-allmhairí bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

([99]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/566 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadáin agus píopaí ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise, Phoblacht na Cóiré agus Mhalaeisia iad agus lena gcuirtear deireadh leis an imscrúdú a bhain le hallmhairí an táirge céanna ar de thionscnamh Phoblacht na Tuirce é, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 99, 10.4.2019, lch. 9), aithris 128.

(2) meánphraghsanna ualaithe allmhairí an WPT dubh ón Rúis, arna suíomh ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh dleachtanna custaim agus costas iar-allmhairiúcháin. In éagmais aon fhaisnéise eile, measadh gur 1 % den luach CAL iad na costais sin.

(277) Maidir le hallmhairí ón mBealarúis, i bhfianaise na gcainníochtaí an-íseal arna n-allmhairiú chuig an Aontas, níorbh fhéidir aon phraghsanna allmhairí iontaofa chuig an Aontas a shuíomh le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún praghsanna na dtáirgí faoi athbhreithniú a tháirgtear sa Bhealarúis agus a dhíoltar le tríú margaí, go háirithe leis an Rúis, arb é sin an príomh-mhargadh onnmhairí. Mar a mhínítear in aithris (60), cainníochtaí teoranta a bhí i gceist le honnmhairí an WPT galbhánaithe agus léiríodh treocht dhoiléir maidir le praghsanna. Dá bhrí sin, is maidir le WPT neamhghalbhánaithe amháin a rinneadh an chomparáid, agus áirítear WPT dubh agus WPT eile leis sin. Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

(1) meánphraghsanna díola ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil ar WPT neamhghalbhánaithe a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh; agus

(2) meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha an WPT neamhghalbhánaithe arna tháirgeadh sa Bhealarúis agus arna dhíol leis an Rúis, arna suíomh ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh dleachtanna custaim agus costas iar-allmhairiúcháin. In éagmais aon fhaisnéise eile, measadh gur 1 % den luach CAL iad na costais sin.

(278) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse imscrúdaithe. Léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 6,2 % agus 23,5 % leis i gcomhair na dtíortha lena mbaineann.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an Rúis, an Bhealarúis agus Daon-Phoblacht na Síne**

(279) Is ón Tuirc, ón India agus ó Phoblacht na Macadóine Thuaidh go príomha a tháinig allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas an Rúis, an Bhealarúis agus Daon-Phoblacht na Síne.

(280) Is mar a leanas a forbraíodh méid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí chomh maith leis an scair den mhargadh agus treochtaí praghais i gcomhair allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha ([100])

Tír		2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
An Tuirc	Méid (tonaí)	76 782	105 062	147 155	151 189
	Innéacs	*100*	*137*	*192*	*197*
	An scair den mhargadh (%)	15	21	25	28
	Meánphraghas (EUR/tona)	547	643	702	626
	Innéacs	*100*	*117*	*128*	*114*
An India	Méid (tonaí)	59 483	51 718	53 545	48 903
	Innéacs	*100*	*87*	*90*	*82*

([100]) Tá allmhairí ó thríú tíortha bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh ach lena n-áirítear sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír.

	An scair den mhargadh (%)	12	10	9	9
	Meánphraghas (EUR/tona)	540	683	758	740
Poblacht na Macadóine Thuaidh	*Innéacs*	*100*	*126*	*140*	*137*
	Méid (tonaí)	22 239	24 472	29 702	21 040
	Innéacs	*100*	*110*	*134*	*95*
	An scair den mhargadh (%)	4	5	5	4
	Meánphraghas (EUR/tona)	494	607	626	574
	Innéacs	*100*	*123*	*127*	*116*
Tríú tíortha eile	Méid (tona)	51 179	49 700	64 076	51 956
	Innéacs	*100*	*97*	*125*	*102*
	An scair den mhargadh (%)	10	10	11	10
	Meánphraghas (EUR/tona)	794	884	907	917
	Innéacs	*100*	*111*	*114*	*115*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tona)	209 683	230 951	294 478	273 088
	Innéacs	*100*	*110*	*140*	*130*
	An scair den mhargadh	42	46	51	50
	Meánphraghas (EUR/tona)	600	700	749	698
	Innéacs	*100*	*117*	*125*	*116*

Foinse: Eurostat

(281) Tháinig méadú substaintiúil ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón Tuirc le linn na tréimhse a measadh. Tháinig méadú 13 phointe céatadáin nó thart faoi 100 % ar an scair den mhargadh a bhain leis na hallmhairí sin idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tháinig laghdú ar allmhairí ón India le linn na tréimhse a measadh; bhí a scair den mhargadh fós tábhachtach áfach, i.e. 9 %, le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. D'fhan allmhairí ó Phoblacht na Macadóine Thuaidh seasmhach agus b'ionann a scair agus 4 % den mhargadh. Tháinig méadú 30 % ar na hallmhairí iomlána ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe go dtí gur baineadh 50 % amach mar a scair den mhargadh sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe i gcomparáid le 42 % in 2016.

(282) Tháinig méadú ar mheánphraghsanna díola allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh. Tá an treocht sin comhsheasmhach leis an treocht a tugadh faoi deara i gcomhair allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i dTábla 4 thuas agus leis an treocht praghsanna a tugadh faoi deara i gcomhair dhíolacháin an tionscail de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais i dTábla 9 thíos.

4.5. **Staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(283) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh.

(284) Mar a luaitear in aithris (15), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais a mheasúnú.

(285) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhain le gach táirgeoir ón Aontas a sholáthair an t-iarratasóir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhain leis na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil sna freagraí ceistneora. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais.

(286) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(287) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha* ([101])

4.5.2.1. An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(288) Tháinig forbairt ar tháirgeacht iomlán, acmhainneacht táirgeachta iomlán agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse mar a leanas:

Tábla 6

An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
An méid táirgeachta (tonaí)	319 525	286 386	305 907	291 704
Innéacs	*100*	*90*	*96*	*91*
An méid táirgeachta (tonaí)	804 342	803 896	799 426	791 354
Innéacs	*100*	*100*	*99*	*98*
Úsáid acmhainneachta (%)	40	36	38	37
Innéacs	*100*	*90*	*96*	*93*

Foinse: Faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, faisnéis a sholáthair na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(289) Cé gur tháinig méadú 8 bpointe céatadáin ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse a measadh mar a luaitear in aithris (267), tháinig laghdú ar mhéid táirgeachta an táirge chomhchosúil le linn na tréimhse céanna ó 319 525 tona in 2016 go dtí 291 704 tona sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, rud is ionann agus laghdú 9 bpointe céatadáin. Dá bhrí sin, ní dheachaigh méadú thomhaltais an Aontais chun leasa an tionscail de chuid an Aontais.

([101]) Tá na táscairí maicreacnamaíocha bunaithe ar shonraí 27 mBallstát an Aontais, gan sonraí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe a áireamh

(290) Is é an méadú ar an iomaíocht a bhíonn roimh an tionscal de chuid an Aontais, ó allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh tríú tíortha iad seachas na tíortha lena mbaineann, is mó is cúis leis an laghdú ar an méid táirgeachta. Mar a mhínítear in aithrisí (281) agus (282), tháinig méadú suntasach ar mhéideanna na n-allmhairí ó thríú tíortha, go háirithe ón Tuirc, le linn na tréimhse a measadh. Tá méadú 8 bpointe céatadáin idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe tagtha ar an scair den mhargadh atá ag allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann. Ba é 273 088 tona méid iomlán na n-allmhairí ó na tíortha sin sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, rud is ionann agus scair 50 % den mhargadh, agus ní raibh i gceist le méid iomlán na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse chéanna ach 2 475 tona, rud is ionann agus scair den mhargadh faoi bhun 0,5 %.

(291) Cé gur fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le linn na tréimhse a measadh, tháinig laghdú ar an úsáid acmhainneachta ó 40 % go dtí 37 % agus an treocht chéanna á leanúint agus a lean an méid táirgeachta.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an scair den mhargadh

(292) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán an tionscail de chuid an Aontais agus ar a scair den mhargadh le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 7

An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
An méid díolachán iomlán ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara (tonaí)	288 584	273 020	280 763	265 846
Innéacs	*100*	*95*	*97*	*92*
An scair den mhargadh	58	54	49	49
Innéacs	*100*	*94*	*84*	*85*

Foinse: Faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, faisnéis a sholáthair na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(293) Lean méideanna díolachán an tionscail de chuid an Aontais maidir lena tháirgeacht féin le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas an treocht chéanna agus a lean an méid táirgeachta agus tháinig laghdú ar bhealach cosúil leis air, mar a bhí, 8 bpointe céatadáin idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tháinig laghdú ar an scair den mhargadh a bhí ag an tionscal de chuid an Aontais freisin ó 58 % in 2016 go dtí 49 % sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, rud a chomhfhreagraíonn don mhéadú ar an scair den mhargadh a bhain le hallmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann, arbh é 8 bpointe céatadáin a bhí i gceist leis sin.

(294) Dá bhrí sin, ba é an méadú ar allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an laghdú ar mhéid díolachán an tionscail de chuid an Aontais agus ar a scair den mhargadh.

4.5.2.3. An fás

(295) Cé gur tháinig méadú 8 % ar thomhaltas an Aontais idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig laghdú 8 % freisin ar an méid díolachán le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, rud a d'fhág gur cailleadh scair 9 bpointe céatadáin den mhargadh i gcomhair an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh. Dá dheasca sin, níorbh ann d'aon fhás ar an tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh.

4.5.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(296) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
An líon fostaithe	628	630	624	608
Innéacs	*100*	*100*	*99*	*97*
An táirgiúlacht (tona/fostaí)	508	455	491	480
Innéacs	*100*	*89*	*96*	*94*

Foinse: Faisnéis a sholáthair an t-iarratasóir, faisnéis a sholáthair na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil.

(297) Tháinig laghdú 3 % ar líon na bhfostaithe sa tionscal de chuid an Aontais a bhí i mbun tháirgeadh an táirge faoi athbhreithniú idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Lean táirgiúlacht lucht saothair an tionscail de chuid an Aontais, arna tomhas de réir an aschuir (tonaí) in aghaidh an fhostaí, an treocht chéanna le laghdú 6 % uirthi le linn na tréimhse a measadh.

(298) Is mar gheall ar an laghdú ar an méid táirgeachta, rud atá nasctha freisin leis an laghdú ar dhíolacháin agus ar an éileamh ar tháirgí an tionscail de chuid an Aontais freisin, a tharla an laghdú ar líon na bhfostaithe. Mínítear an laghdú ar an táirgiúlacht leis an laghdú níos airde ar an méid táirgeachta i gcomparáid leis an laghdú ar líon na bhfostaithe.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(299) Mheas an Coimisiún sa deireadh in aithris (239) gur leanadh den dumpáil ón Rúis le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Mheas an Coimisiún sa deireadh freisin gur dhócha go dtosófaí arís ar dhumpáil ón mBealarúis agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

(300) An tráth céanna, bhí leibhéal na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe an-teoranta, agus b'ionann iad agus díreach 0,45 % de thomhaltas an Aontais. Dá bhrí sin, bhí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar an tionscal de chuid an Aontais cuíosach teoranta.

(301) Léirítear leis na táscairí maicreacnamaíocha a scrúdaítear thuas, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ó 2008 i leith, gur fhan staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais leochaileach agus díobhálach go maith. Dá réir sin, níorbh fhéidir aon téarnamh ón dumpáil roimhe a shuíomh agus tá an tionscal de chuid an Aontais iontach soghonta fós i dtaobh éifeachtaí díobhálacha aon allmhairí dumpáilte ar bith i margadh an Aontais.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha* ([102])

4.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí lena ndéantar difear do phraghsanna

(302) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

([102]) Tá táscairí micreacnamaíocha bunaithe ar shonraí 28 mBallstát an Aontais, agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Bunaithe ar mhéid íseal na ndíolachán ag na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil sa Ríocht Aontaithe (thart ar 3 % de mheándíolacháin san Aontas Eorpach ag na táirgeoirí sin sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe), ba chosúil gur fíorbheag tionchar na n-idirbheart a bhaineann leis an Ríocht Aontas ar na torthaí maidir le díobháil, agus ní bheadh na conclúidí maidir le díobháil ábhartha athraithe mar sin agus sonraí ó 27 mBallstát an Aontais á n-úsáid.

Tábla 9

Praghsanna díola san Aontas

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	662	763	825	778
Innéacs	*100*	*115*	*125*	*118*
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/tona)	731	875	913	912
Innéacs	*100*	*120*	*125*	*125*

Foinse: freagraí ceistneora ó na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(303) Tháinig méadú ar mheánphraghsanna díola aonaid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh. Tháinig méadú 18 % idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar na praghsanna. Tráchtearra is ea an táirge faoi athbhreithniú agus téann praghas an phríomh-amhábhair – cornaí teorollta – i bhfeidhm ar an bpraghas díola – rud is ionann agus breis is 50 % den chostas táirgeachta. Lean an méadú ar na praghsanna díola an fhorbairt a tháinig ar an gcostas táirgeachta go pointe, rud ar ar tháinig méadú 25 % idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Níor tháinig méadú ag an ráta céanna ar an meánphraghas díola is a tháinig ar chostas aonaid na táirgeachta, áfach, rud a d'fhan, ina theannta sin, os cionn an mheánphraghais díola go seasta le linn na tréimhse a measadh. Is mar gheall ar an méadú ar phraghas na n-amhábhar agus an méadú ar iomaíocht ó allmhairí a tharla an treocht sin, toisc gur chuir na nithe sin brú ar phraghsanna díola an tionscail de chuid an Aontais.

4.5.3.2. Costais saothair

(304) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	40 005	36 579	39 466	43 066
Innéacs	*100*	*91*	*99*	*108*

Foinse: freagraí ceistneora ó na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(305) Tháinig laghdú ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí ó 2016 go dtí 2017 ar dtús sular tháinig méadú de réir a chéile orthu in 2018 agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig méadú 8 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí.

4.5.3.3. Fardail

(306) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 11

Fardail

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Stoic deiridh (tonaí)	20 722	12 356	14 952	17 600
Innéacs	*100*	*60*	*72*	*85*

Foinse: freagraí ceistneora ó na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(307) Tháinig laghdú ar fhardail an tionscail de chuid an Aontais idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tháinig laghdú 40 % orthu ó 2016 go dtí 2017 ar dtús sular tháinig méadú de réir a chéile orthu in 2018 agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ach d'fhan siad ar leibhéal ab ísle ná 2016. Ar an iomlán, tháinig laghdú 15 % idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar fhardail.

4.5.3.4. An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú

(308) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2016	2017	2018	Tréimhse Imscrúdaithe Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	-6	-5	-4	-11
Innéacs	*-100*	*-76*	*-70*	*-177*
An sreabhadh airgid (EUR)	- 4 874 323	2 363 932	- 3 670 718	- 8 123 363
Innéacs	*-100*	*48*	*-75*	*-167*
Infheistíochtaí (EUR)	2 457 649	1 647 452	1 301 235	2 095 539
Innéacs	*100*	*67*	*53*	*85*
An toradh ar infheistíochtaí (%)	-18 %	-17 %	-17 %	-41 %
Innéacs	*-100*	*-96*	*-96*	*-228*

Foinse: freagraí ceistneora ó na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

(a) ***An Bhrabúsacht***

(309) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil trí ghlanbhrabús roimh cháin dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(310) In 2016, bhí corrlach brabúis diúltach de – 6 % ag an tionscal de chuid an Aontais, agus tháinig laghdú eile go dtí – 11 % air le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Is mar gheall ar chostas aonaid na táirgeachta, a bheith i gcónaí níos airde ná meánphraghas díola an táirge faoi athbhreithniú, a bhain corrlach brabúis diúltach leis an tionscal de chuid an Aontais i gcaitheamh na tréimhse a measadh. Mar a fheictear i dTábla 9 thuas, tháinig méadú eile ar an mbearna idir costas aonaid na táirgeachta agus an meánphraghas díola sa tréimhse imscrúdaithe

athbhreithnithe. Mínítear an staid sin leis an bhfíoras, toisc gur tráchtearra atá i gceist leis an táirge faoi athbhreithniú, go mbíonn an praghas díola ag brath ar phraghas an phríomh-amhábhair (cornaí teorollta) agus ar an iomaíocht atá sa mhargadh. Tugtar faoi deara, mar gheall ar iomaíocht mhéadaithe ó allmhairí ó thríú tíortha i dtéarmaí méideanna agus praghsanna ísle, nárbh fhéidir leis an tionscal de chuid an Aontais praghsanna díola a shocrú ar leibhéal a d'fhágfadh go mbeadh sé in ann an costas táirgeachta a chumhdach ar a laghad.

(b) ***An sreabhadh airgid***

(311) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig feabhas i dtosach báire ar an sreabhadh airgid glan in 2017 sular tháinig meath air arís in 2018 agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe nuair a shroich sé – EUR 8 milliún. Mínítear an laghdú sin go príomha leis an laghdú ar an mbrabúsacht, mar a thuairiscítear in aithris (310).

(c) ***Na hInfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí***

(312) Tháinig laghdú 15 % idir 2016 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar infheistíochtaí, rud atá ina fhianaise bhreise ar staid na deacrachta airgeadais a bhaineann leis an tionscal de chuid an Aontais. Thit an toradh ar infheistíochtaí, a shloinntear mar an brabús i gcéatadán an ghlanluacha infheistíochtaí de réir na leabhar, ó – 18 % go dtí – 41 % le linn na tréimhse a measadh agus lean sé an treocht chéanna agus a lean an bhrabúsacht mar sin.

4.6. **An chonclúid ar dhíobháil**

(313) Léirítear leis an bhforbairt atá tagtha ar na maicreatháscairí agus ar na micreatháscairí le linn na tréimhse a measadh gur tháinig meath ar an staid airgeadais i gcomhair an tionscail de chuid an Aontais. Ar an iomlán, chuaigh treochtaí na dtáscairí eacnamaíocha uile in olcas le linn na tréimhse a measadh.

(314) Tháinig laghdú ar an méid táirgeachta agus ar na méideanna díolacháin, rud a d'imir éifeacht dhiúltach ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht agus ar an mbrabúsacht chomh maith. Ba é an méadú ar an iomaíocht agus an brú ó thaobh praghsanna de ó allmhairí ó thríú tíortha ba chúis leis an meath breise a tháinig ar an staid ó thaobh na brabúsachta de a bhain leis an tionscal de chuid an Aontais. D'fhág sin go raibh corrlach brabúis diúltach de – 11 % i gceist i gcomhair an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tháinig meath ar an sreabhadh airgid, ar na hinfheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí freisin, rud a d'fhág gur dheacair don tionscal de chuid an Aontais caipiteal a chruinniú agus infheistíocht a dhéanamh.

(315) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(316) Rinne an Coimisiún measúnú ar cibé acu an bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain don tionscal de chuid an Aontais, nó nach bhfuil.

(317) Bhí méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann an-íseal le linn na tréimhse a measadh, agus ní raibh i gceist leis an scair den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ó na tíortha sin le chéile ach 0,43 % le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(318) An tráth céanna, chuir borradh a tháinig faoi allmhairí ar phraghas íseal ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann, amhail an Tuirc, an India agus Poblacht na Macadóine Thuaidh, brú láidir ó thaobh praghsanna agus méideanna de ar dhíolacháin an tionscail de chuid an Aontais. Mar léaráid, ba é 778 EUR/tona meánphraghas díola an tionscail de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus ba é 626 EUR/tona an meánphraghas díola ar tháirgí arna n-allmhairiú ón Tuirc agus 574 EUR/tona an meánphraghas díola ar tháirgí arna n-allmhairiú ó Phoblacht na Macadóine Thuaidh. Ina theannta sin, tháinig méadú ar an scair den mhargadh a bhain le hallmhairí ó thíortha seachas na tíortha lena mbaineann ó 42 % go dtí 50 % idir 2016 agus 2019.

(319) Agus an méid atá thuas á mheas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain don tionscal de chuid an Aontais, mar gheall ar mhéid na n-allmhairí sin a bheith an-teoranta.

(320) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

5. DÓCHÚLACHT GO dTARLÓDH DÍOBHÁIL ARÍS ARBH IAD ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE Ó NA TÍORTHA LENA mBAINEANN BA CHÚIS LEIS AN DÍOBHÁIL I dTOSACH BÁIRE, DÁ nDÉANFAÍ NA BEARTA A AISGHAIRM.

(321) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (315) gur bhain díobháil ábhartha le haghaidh an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. In aithris (319), chinn an Coimisiún freisin nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain don tionscal de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, cibé acu a bheadh an dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil i dtosach báire dá ligfí do na bearta in éag, nó nach mbeadh.

(322) Chun a shuíomh cibé acu atá dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, nó nach bhfuil, mheas an Coimisiún na heilimintí seo a leanas: (1) an acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, agus (2) an tionchar ag allmhairí a d'fhéadfadh teacht isteach agus ag leibhéal praghsanna na n-allmhairí sin ó na tíortha sin ar staid an tionscail de chuid an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

5.1. Acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann agus tarraingteacht mhargadh an Aontais

(323) Mar a thuairiscítear cheana féin in aithrisí (78), (210) agus (250), tá acmhainneachtaí breise suntasacha ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Bhealarúis, i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Rúis, lena sáraítear le chéile na méideanna táirgeachta reatha agus an t-éileamh inmheánach sna tíortha sin go substaintiúil ([103]) agus d'fhéadfaí an acmhainneacht bhreise sin a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

(324) Mar a thuairiscítear in aithrisí (205) agus (213), d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig a bpríomh-thríú margaí ar phraghsanna dumpáilte, a bhíonn idir 8 % agus 21 % níos ísle ar an meán i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Mar is léir ón gconclúid in aithris (251), fuarthas go raibh praghsanna onnmhairí na Rúise chuig tríú tíortha thart faoi 29 % ní b'ísle ná praghsanna tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Ar deireadh, suíodh in aithris (82) gur onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Bealarúise chuig a bpríomh-thríú margadh, an Rúis, ar phraghsanna a bhí thart faoi 5 % ní b'ísle i gcomparáid le meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, agus leibhéal praghsanna na n-onnmhairí ón mBealarúis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Rúis chuig margaí tríú tíortha eile á gcur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Bealarúise, na Síne agus na Rúise. Dá dheasca sin, is féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, go dtosódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Bealarúise, na Síne agus na Rúise ar méideanna arda an táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú chuig an Aontas arís. Treisítear an t-ionchas sin a thuilleadh le hinfhaighteacht na hacmhainneachta breise substaintiúla sna tíortha sin.

5.2. Tionchar allmhairí féideartha ó na tíortha lena mbaineann ar staid an tionscail de chuid an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

(325) Mar a mhínítear i Roinn 4.3.2.2, rinne an Coimisiún anailís ar an sladghearradh gan bhearta frithdhumpála chun an bealach, a d'fhéadfadh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann difear a dhéanamh don tionscal de chuid an Aontais dá ndéanfaí na bearta a fhoirceannadh, a shuíomh.

(326) Thug an Coimisiún faoi deara in aithris (278) gur léiríodh, le ríomh an tsladghearrtha, meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 6,2 % agus 23,5 % i gcomhair na dtíortha lena mbaineann.

(327) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún ionsamhlúchán chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar gur dhócha a bheadh ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar staid airgeadais an tionscail de chuid an Aontais. Ar an gcaoi sin, ghlac an Coimisiún go n-onnmhaireodh na táirgeoirí onnmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann na cainníochtaí céanna chuig an Aontas agus a rinne sula forchuireadh na bearta (i.e. 250 559 tona le chéile), agus go bhfanfadh tomhaltas an Aontais mar a bhí le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe (i.e. 541 409 tona). Ghlac an Coimisiún freisin go ndéanfadh 50 % de na hallmhairí iomlána ó na tíortha sin difear don tionscal de chuid an Aontais agus go ndéanfadh an 50 % eile difear d'allmhairí ó thríú tíortha eile toisc go bhfuil scaireanna an mhargaidh ar an leibhéal méadaíochta comhchosúil. Ar deireadh, ghlac an Coimisiún go gcoinneodh an tionscal de chuid an Aontais na praghsanna díola céanna agus a bhí acu le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe toisc go bhfuil an tionscal neamhbhrabúsach cheana féin.

([103]) Tá breis is a dheich oiread de thomhaltas iomlán an Aontais i gceist leis an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, agus tá acmhainneacht táirgeachta ainmniúil ag an aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach amháin de chuid na Rúise a sháraíonn tomhaltas iomlán an Aontais. Is ionann an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis agus 9 % de thomhaltas an Aontais.

(328) Léirítear le toradh an ionsamhlúcháin sin gur dhócha go gcaillfidh an tionscal de chuid an Aontais méid díolachán agus scair den mhargadh ar mhargadh an Aontais. Bheadh tionchar aige sin ar bhrabúsacht fhoriomlán an tionscail, a rachadh i laghad ó -11 % go dtí -25 %.

(329) Anailís choimeádach is ea é sin lena gcuirtear san áireamh go bhfuil meánphraghsanna díola na n-allmhairí ó thríú tíortha eile faoi bhun mheánphraghsanna díola an tionscail de chuid an Aontais. Ciallaíonn sé sin gurb é is dóichí a tharlódh go bhfaigheadh allmhairí dumpáilte an táirge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann scair den mhargadh chun aimhleasa an tionscail de chuid an Aontais ar dtús, sula nglacfaidís an scair den mhargadh atá ag na honnmhairí ó thríú tíortha eile chuig an Aontas. D'fhágfadh sé sin go dtiocfadh meath eile fós ar bhrabúsacht an tionscail de chuid an Aontais.

(330) Tar éis an nochta, d'áitigh Rialtas na Bealarúise nach ndéanfar, de réir Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán, an méid seo a leanas a mheas: *"I gcás ina bhfuil allmhairí táirge ó níos mó ná tír amháin faoi réir imscrúduithe frithdhumpála go comhuaineach, ní dhéanfar éifeachtaí na n-allmhairí sin a mheasúnú go carnach ach amháin má chinntear an méid seo a leanas (…) nach diomaibhseach na hallmhairí ó gach tír"* agus gur dhiomaibhseach na hallmhairí ón mBealarúis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Rúis in 2019, ba cheart conclúidí an chleachta ionsamhlúcháin a bhaint as an Rialachán seo.

(331) Thug an Coimisiún dá aire go mbaineann Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán leis an measúnú ar éifeachtaí na n-allmhairí iarbhír ar thionscal an Aontais chun díobháil a chinneadh faoi chuimsiú imscrúdú frithdhumpála, agus ag an am céanna, baineann an t-ionsamhlúchán a rinne an Coimisiún in aithrisí (327) go (329) leis an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arbh iad allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leo i dtosach a chinneadh i gcás ina gceadaítear do na bearta dul in éag. Chun na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí den sórt sin ar thionscal an Aontais a mheas, is éard atá san ionsamhlúchán ná hipitéis sa chás go nglactar leis go n-onnmhaireodh na tíortha lena mbaineann na cainníochtaí céanna agus a d'onnmhairigh siad roimh fhorchur na mbeart. Ní raibh na cainníochtaí sin diomaibhseach ([104]). Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán maidir leis an ionsamhlúchán arna dhéanamh agus nach diomaibhseach na méideanna allmhairí a d'fhéadfadh a bheith ann ó gach tír a mheastar san ionsamhlúchán, diúltaíodh don mhaíomh.

(332) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar phraghsanna lena ndéanfaí sladghearradh ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais dá ndéanfaí na bearta a aisghairm, rud a chuirfeadh leis an díobháil a bhainfeadh don tionscal de chuid an Aontais. Dá thoradh sin, bheadh inmharthanacht an tionscail de chuid an Aontais i mbaol mór.

(333) Tar éis an nochta, mhaígh Rialtas na Rúise go bhfuil éagmais ann i dtaobh nasc cúisíoch idir allmhairí ón Rúis agus staid thionscal an Aontais. Maidir leis sin, chuir an Coimisiún in iúl nach gceanglaítear le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún anailís ar an gcúisíocht a dhéanamh idir allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais le linn athbhreithnithe éaga. Maidir leis na torthaí gur dhócha go leanfaí leis an díobháil nó go ndéanfaí díobháil arís dá rachadh na bearta in éag, tá siad leordhóthanach chun údar a thabhairt leis go leanfaí leis na bearta. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (332) gur dhócha de dheasca aisghairm na mbeart go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann a dhéanfadh praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh, agus dá bhrí sin go rachadh an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais in olcas a thuilleadh agus léiríodh ar an gcaoi sin an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís arbh iad allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineanna tharla ba chúis léi i dtosach báire, lena n-áirítear an Rúis, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([104]) 184 887 tonna ó Dhaon-Phoblacht na Síne, 36 057 tonna ón Rúis agus 29 615 tonna ón mBealarúis

6. LEAS AN AONTAIS

(334) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cibé acu an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear an tionscal de chuid an Aontais, allmhaireoirí, dáileoirí agus úsáideoirí.

(335) Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

6.1. Leas an tionscail de chuid an Aontais

(336) Cé gur chuir na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm bac ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann teacht isteach i margadh an Aontais den chuid is mó, bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus tá a staid leochaileach, mar a dheimhnítear le treochtaí diúltacha na dtáscairí díobhála.

(337) D'ainneoin an mhéid an-íseal d'allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann, shuigh an Coimisiún go bhfuil dóchúlacht láidir ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí ó na tíortha sin ba chúis léi i dtosach báire dá rachadh na bearta in éag. Bheadh rabharta de mhéideanna substaintiúla d'allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ina chúis le tuilleadh díobhála don tionscal de chuid an Aontais. D'fhágfadh sé sin go rachadh staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais, atá an-leochaileach cheana féin, in olcas a thuilleadh agus go mbeadh a inmharthanacht faoi bhagairt.

(338) Mheas an Coimisiún sa deireadh dá bhrí sin go mbeadh sé chun leas an tionscail de chuid an Aontais na bearta frithdhumpála in aghaidh na dtíortha lena mbaineann a choinneáil ar bun.

6.2. Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara, trádálaithe neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara

(339) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na trádálaithe neamhghaolmhara agus na húsáideoirí neamhghaolmhara aitheanta uile. Níor sholáthair ach aon dáileoir amháin táblaí a bhí líonta isteach, ach ní raibh freagra tugtha ar an téacs míniúcháin den cheistneoir.

(340) San athbhreithniú éaga roimhe agus san imscrúdú tosaigh, níor léiríodh leis an anailís ar leas an Aontais éifeacht dhiúltach na mbeart ar allmhaireoirí neamhghaolmhara, ar thrádálaithe neamhghaolmhara ná ar úsáideoirí neamhghaolmhara ach oiread.

(341) Ar an mbonn sin, ní raibh aon chomhartha ann lenar léiríodh go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na hallmhaireoirí neamhghaolmhara agus ar na húsáideoirí neamhghaolmhara, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais.

(342) Tar éis an nochta, d'áitigh Rialtas na Rúise go mbeadh tionchar diúltach ann dá leanfaí de na bearta ar thionscail iartheachtacha an Aontais. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún in iúl go raibh deis ag tionscail iartheachtacha an Aontais páirt a ghlacadh san imscrúdú agus barúil a thabhairt ar an nochtadh. Ní bhfuair an Coimisiún barúlacha ar bith ó allmhaireoirí neamhghaolmhara, ó thrádálaithe neamhghaolmhara ná ó úsáideoirí neamhghaolmhara. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

6.3. An chonclúid ar leas an Aontais

(343) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann é, a choinneáil ar bun.

7. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

(344) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúint den dumpáil ón Rúis, atosú na dumpála ón mBealarúis agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne, atarlú na díobhála arbh iad allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis léi i dtosach báire, agus de réir leas an Aontais, cinneann an Coimisiún gur cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí d'fheadáin tháite áirithe agus de phíopaí táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ón mBealarúis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Rúis, a choinneáil ar bun.

(345) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Rúise é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(346) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([105]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar fógra maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(347) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar an mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Rúis. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh. Rinne an Coimisiún na barúlacha go léir a fuarthas a mheas.

(348) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([106]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart go mbeadh an t-ús atá le híoc ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(349) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déantar dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí de fheadáin tháite áirithe agus de phíopaí táite áirithe, d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar trasghearradh ciorclach agus ar trastomhas seachtrach nach mó é ná 168,3 mm, gan a chur san áireamh píopaí líne de chineál a úsáidtear le haghaidh píblínte ola nó gáis, cásáil agus feadánra de chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil, beachtfheadáin agus feadáin agus píopaí le feistis cheangailte atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7306 30 41, ex 7306 30 49, ex 7306 30 72 agus ex 7306 30 77 (cóid TARIC 7306 30 41 20, 7306 30 49 20, 7306 30 72 80 agus 7306 30 77 80) ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	90,6 %	

([105]) Commission européenne, Direction générale du commerce, Direction H, Rue de la Loi/Wetstraat 170 1040 Bruxelles/Brussel BELGIQUE/BELGIË.

([106]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

An Rúis	TMK Group (Seversky Pipe Plant Open Joint Stock Company agus Joint Stock Company Taganrog Mettalurgical Works)	16,8 %	A892
	OMK Group (Open Joint Stock Company Vyksa Steel Works agus Joint Stock Company Almetjvesk Pipe Plant)	10,1 %	A893
	Gach cuideachta eile	20,5 %	A999
An Bhealarúis	Gach cuideachta eile	38,1 %	

3. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN